

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus
Rialtais Áitiúil

Creat Rialachais

Clár na nÁbhar

Brollach.....	3
Réamhrá: Prionsabail agus Creat Rialachais na Roinne	5
Forbhreat hnú ar an Roinn	8
Ár bhFreagrachtaí	8
Ár Misean	8
Ár bhFoireann	9
Struchtúr na Roinne	10
Suíomhanna	13
Cumarsáid Inmheánach	16
Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha.....	18
Maoiniú 2017 na Roinne: An Stáitchiste agus an Ciste Rialtais Áitiúil	21
Plean Athnuachana na Státseirbhíse.....	23
Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Phróisis Rialachais	23
Ról na nAirí agus an Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí.....	25
Forbhreathnú ar na ról	25
An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	25
An tAire Stáit	27
Cumas Ceannaireachta agus Eagraíochtúla.....	27
An tArd-Rúnaí agus an tOifigeach Cuntasaíochta	28
Rúnaithe Cúnta	29
Príomhoifigigh agus a gCoibhéisí	31
An Creat um Shannacháin.....	32
Caidreamh na Roinne leis an Aire agus an Aire (Airí) Stáit.....	33
Comhairleoirí Speisialta	33
Cinntí Aireachta a Thairfeadh	35
An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile	37
An Bord Bainistíochta.....	37
Comhdhéanamh an Bhoird Bhainistíochta	37
An Rúnaíocht	38
Ról an Bhoird Bhainistíochta	38
Coistí an Bhoird Bhainistíochta	40
An Bord Bainistíochta Aireachta.....	41
An Coiste um Rialachas TFC	42
An Coiste Riosca	43
An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta	43
Fóram an Lucht Bainistíochta Sinsearaí	44
Socruithe um Iniúchadh, um Dhearbhú agus um Chomhlíonadh	45

An tOifigeach Cuntasaíochta	46
An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí	48
Coiste Iniúchóireachta na Roinne.....	52
Ról Aonad Airgeadais na Roinne.....	54
Bainistíocht Riosca.....	55
Soláthar Poiblí.....	56
Bearta eile um Maoirseacht ar Chaiteachas.....	56
Creat um Chomhlíonadh.....	57
Rialtas Áitiúil	58
An Earnáil Rialtas Áitiúil	58
An tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil	60
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.....	62
An Ciste Rialtas Áitiúil.....	63
Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne	64
Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne.....	65
Socrúithe Ginearálta Idirchaidrimh agus Maoirseachta	69
Tuairisciú don Rialtas/Oireachtas	70
Comhaontuithe Seirbhíse agus Sásraí Gaolmhara	70
Ceapacháin ar Bhoird Stáit.....	72
Iarscríbhinn - Doiciméad Cúnta um Chomhlíonadh.....	73

Brollach

Ar an gcéad fhéachaint, d'fhéadfadh an chuma a bheith air nach bhfuil mórán baint ag obair na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil leis an ngnáthshaol laethúil; an chuma air b'fhéidir gur mór idir ról comhairleora beartais d'Airí, Billí á gcur tríd na bpróiseas reachtach, nó ag idirghníomhú le hinstitiúidí idirnáisiúnta agus an gnáthshaol mar a bhíonn i ngnáth-theach cónaithe nó i ngnáth-áit oibre. Ach cúrsaí a scrúdú níos géire áfach, is léir go bhfuil cumhacht fhorleathan agus tionchar an-suntasach ag an Roinn a n-oibríonn mo chomhghleacaithe agus mé féin inti ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí agus ar phobail de thoradh ár gcuid iarrachtaí áiteanna cónaithe ar ardchaighdeán a chur ar fail i dtimpeallachtaí dea-phleanáilte seirbhísithe, agus na seirbhísí a chuireann an rialtas áitiúil ar fáil. Tá sé tábhachtach, agus ról forleathan na Roinne á chur san áireamh, go bhfuil an córas rialachais ina n-oibrímid láidir éifeachtúil. Cuimsíonn coincheap an rialachais na beartais, na próisis agus na noirm a chuidíonn leis an dóigh a stiúrtar, a bhainistítear agus a riartar eagraíocht a shainiú.

Sonraíodh i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014, go gcuireann luas agus castacht an athraithe dúshlán os comhar na Státseirbhíse. Leis na hionchais shochaíocha atá ag athrú agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcor chun donais i ndiaidh 2008 is gá cumais, cuntasacht agus ceannaireacht a neartú ar fud na Státseirbhíse; tá rialachas feabhsaithe ina ghné thábhachtach den iarracht i gcoitinne seo. Ní mór dúinn leas a bhaint as bearta atá ann cheana, cuid díobh a bhaineann go sonrath leis an Roinn, cé go mbaineann cuid eile leis an státseirbhís I gcoitinne lena n-áirítear noirm agus cleachtais fhadbhunaithe, agus cuid díobh sin ann sular bunaíodh an Stát, ar nós cuntasacht dhaonlathach, tríd an Aire, as an obair a dhéanann an Roinn.

Le cois ár gcaidreamh leis an Aire, leis an Rialtas agus leis an gcóras polaitiúil i gcoitinne, ní mór don Roinn an dea-rialachas a léiriú don saoránach, agus dár ngeallsealbhóirí i gcoitinne. Mar sin, tá méadú ar ár dtrédhearcacht ina chomhpháirt thábhachtach dár dtréaniarracht cur lenár rialachas ionas gur fearr an léargas a bheidh ag an bpobal agus ag an tsochaí shibhialta ar obair na Roinne. Ní mór feabhas

leanúnach a dhéanamh ar raon feidhme, cáilíocht agus cur i láthair na faisnéise a chuireann an Roinn ar fáil. Tá súil agam go gcuirfidh tionscadail ar nós suíomh gréasáin úr na Roinne, a lainseáladh i mí Feabhra 2016, le hinfheictheacht obair na Roinne agus leis an aitheantas agus leis an tuiscint ar a cuid oibre.

Braitheann córas rialachais sláintiúil láidir in eagraíocht ar bith, go ar éiteas fhoireann na heagraíochta sin go mór. Is é atá feicthe agamsa, go bhfuil éiteas láidir seirbhíse poiblí agus cuntasachta, atá fréamhaithe go domhain agus tionchar aige ar chultúr foriomlán na heagraíochta, le fáil sa bhreis is 600 duine atá ag obair sa Roinn. Éiteas é sin atá ina bhua luachmhar agus a bhfuil an Roinn tiomanta dá chosaint agus dá fhorbairt.

Bhí an inbhuanaitheacht chun tosaigh mar threoirchoincheap don Roinn; tá sé mar bhonn agus thaca ag ár misean agus í le feiceáil ar fud an iliomad clár agus réimsí beartais a n-oibrím féin agus mo chomhghleacaithe orthu. Gné eile den choincheap sin an dea-rialachas, agus cuidíonn sé leis an inbhuanaitheacht institiúideach is gá a sholáthar chun ár gcuspóirí beartais foriomlána a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil neamhchlaon, agus tá an Roinn tiomanta do bheith á chothú inár gcuid oibre go léir.

John McCarthy

Ard-Rúnaí

Deireadh Fómhair 2017

Réamhrá: Prionsabail agus Creat Rialachais na Roinne

Ag an gcroílár, baineann rialachas lena chinntiú go bhfuil na próisis agus na struchtúir atá ann leis an eagraíocht a stiúradh agus a bhainistiú láidir, críochnúil agus go soláthraítear leo dearbhú go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tá an Roinn tiomanta do na Prionsabail Rialachais seo a leanas:

- Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus éiteas lena gcinntítear iompar le dínit, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla, agus meas ar riail an dlí;
- Le dea-rialachas cinntítear oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtúla agus rannpháirtíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí baile agus idirnáisiúnta;
- Cuidíonn dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i gcomhthéacs tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha inbhuanaithe agus leis na beartais agus na hidirghabhálacha is gá a chinneadh chun baint amach na dtosaíochtaí agus na dtorthaí sin a bharrfheabhsú;
- Ciallaíonn dea-rialachas inniúlacht na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear cumas na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na foirne;
- Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtúla um bainistíocht feidhmíochta; agus,
- Ciallaíonn dea-rialachas dea-chleachtais a chur chun feidhme maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, iniúchadh agus scrúdan chun cuntasacht éifeachtúil a sheachadadh.

Leagtar amach sa doiciméad seo an dóigh a gcuireann an Roinn na prionsabail sin i bhfeidhm ina cuid oibre faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Forbhreathnú ar an Roinn;
- Róil na nAirí agus an Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí;
- An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile;
- Socruithe um Iniúchadh, um Dhearbhú agus um Chomhlíonadh;
- Rialtas Áitiúil; agus,

- Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne.

Taobh amuigh de Phrionsabail na Roinne, ach ag luí isteach leo, tá an Roinn tiomanta chomh maith do chloí go hiomlán le:

- Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, ina gcuirtear in iúl i bhfocail cur chuige comhtháite maidir le luachanna agus caighdeáin agus iompar státseirbhíseach agus ina leagtar amach i ndoiciméad singil na prionsabail faoinar cheart iompar státseirbhíseach agus na luachanna a ghlacann an Státseirbhís a rialú;
- Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, ina gcuimsítear ceanglais atá curtha ar sheirbhísigh phoiblí fhorordaithe i ndáil le tuairisceáin bhliantúla um ráitis úis;
- An Bille um Nochtadh Cosanta 2014, ina gceanglaítear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun go ndéanfaidh oibrithe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí nochtadh cosanta agus chun déileáil le nochtadh den sórt sin;¹ agus,
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, ina ndéantar foráil i leith Clár Brústocaireachta chun faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le haitheantas na ndaoine a bhfuil cumarsáid á déanamh acu leis an Rialtas agus le státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha ar chúrsaí beartais phoiblí.²

Dréachtadh an doiciméad seo de réir ‘Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís’ na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina mionsonraítear na príomhphrionsabail lena gcloíonn na Ranna agus na comhlachtaí atá faoine goimirce. Le cur chun feidhme an Chaighdeáin ar fud na Státseirbhíse cuirtear deis i láthair chun socrúithe reatha a shainiú go foirmiúil agus chun féachaint leis an rialachas a neartú ar fud na

Ranna, agus é á dhéanamh mar chuid thábhachtach de chúram Athnuachan na Státseirbhíse i gcoitinne.

¹ Tá beartas um Nochtadh Cosanta na Roinne ar fáil ar líne ag: [An Beartas um Nochtadh Cosanta](#)

² Tá liosta d’oifigigh phoiblí ainmnithe na Roinne ar fáil ar líne ag: [Oifigigh Ainmnithe](#)

Is é seo an dara leagan den doiciméad agus féachann sé leis an gcreat rialachais atá i bhfeidhm a dhoiciméadú go cuimsitheach agus a ghabháil. Forbrófar na socruithe sin le himeacht ama agus beidh gá dá réir lena nuashonrú agus a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Ag tarraingt ar an dea-chleachtas laistigh den Roinn agus sa Rialtas i gcoitinne, agus le cois forbairtí seachtracha sa rialachas, déanfar an Creat a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn tréimhsiúil, agus cuirfear tuilleadh sonraí leis. Leanfar d'fhoilsiú an Chreata ar shuíomh gréasáin na Roinne.

1

Forbhreat hnú ar an Roinn

Ár bhFreagrachtaí

Téann obair na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i gcion ar shaol gach duine sa Stát. Trínár bhfreagracht as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiceach agus spásúil, as an rialtas áitiúil agus as réamhaisnéis na haimsire, bíonn tionchar suntasach againn ar ghnáthshaol daoine agus pobal ar fud na tíre.

Ár Misean

Gheofar [Ráiteas Misin](#) reatha na Roinne inár Ráiteas Straitéise is déanaí.

Is iad seo a leanas ár gcuid spriocanna straitéiseacha:

- A. A chinntiú go gcuidíonn an phleanáil agus an tógáil inár réigiúin agus inár bpobail le forbairt inbhuanaithe chothromaithe;
- B. Foráil do sholáthar seasmhach inbhuanaithe tithíochta ardchaighdeán;
- C. Creat a sholáthar do bhainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní uisce, ó fhoirse go farraige;
- D. Tacaíocht a thabhairt do rialtas áitiúil daonlathach, freagrúil, éifeachtach agus é a chumasú, mar aon le bainistíocht éifeachtach ar thoghcháin agus seirbhísí dóiteáin agus bainistíochta éigeandála ar ardchaighdeán;
- E. Freastal ar an tsochaí trí fhaisnéis iontaofa aimsire agus aeráide a ghiniúint agus a chur ar fail, ar mhaithe le beatha agus maoin a chosaint agus cur le ról Met Éireann a thuilleadh mar ghlór údarásach don aimsir ardturrainge in Éirinn.

Ár Luachanna

Tá luachanna na Roinne thar a bheith ábhartha don chreat rialachais, toisc go leathann na luachanna sin ar fud smaointeoireacht agus ghníomhaíochtaí fhoireann na Roinne:³

- Ionracas agus gairmiúlacht;
- Feidhmíocht chomhsheasmhach ar ardchaighdeán
- Oscailteacht agus trédhearcacht;
- Solúbthacht, freagrúlacht, nuálaíocht agus foghlaim;
- Comhairliúchán agus comhpháirtíocht;
- Tiomantas don tsochaí agus do shaoránaigh; agus
- Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus luach ar airgead a bhaint amach.

³ Tá luachanna na Roinne curtha in iúl i bhfocail ina Ráiteas Straitéise 2016-19, atá ar fáil ar líne ag: [Ráiteas Straitéise](#)

Tá an Roinn ag súil go léireoidh an fhoireann na luachanna sin ina ngnáthobair. Suíonn na luachanna sin laistigh den chreat luachanna agus caighdeán níos leithne atá leagtha amach i gCód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, sa Chód Eitice, sa Bheartas chun na Dínite san Ionad Oibre, agus i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Tá sé riachtanach go gcuirfidh an fhoireann iad féin ar an eolas faoi na cóid, rialacha agus reachtaíocht ábhartha ar fad lena rialáítear an Státseirbhís

Ár bhFoireann

B'ionann líon na mball foirne a bhí ag fónamh sa Roinn i ndeireadh Iúil 2017 agus thart ar 640 post coibhéise lánaimseartha.

Lena chois sin, oibríonn dhá chomhairleoir dlí, atá ar iasacht ó Oifig an Ard-Aighne, sa Roinn chomh maith.

Déantar obair na Roinne le sé Rannán – Pleanáil, Bainistíocht Talún, agus Beartas Margaidh Tithíochta; Tithíocht Shóisialta; Uisce; Rialtas Áitiúil; Tacaíocht Chorporáideach agus Ghnó; agus Met Éireann. Tá an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil lonnaithe sa Roinn freisin.

Tá an Roinn tiomanta do phróiseas leanúnach tacaíochta a thabhairt d'fheidhmíocht a foirne agus í a fheabhsú. Braitheann feidhmíocht eagraíochta níos fearr, go dtí méid an-suntasach, ar lucht saothair atá spreagtha, oilte agus lúfar. Déanfaidh an Roinn monatóireacht leanúnach ar a Plean um Lucht Saothair agus tabharfaidh sí chun dáta é ar bhonn leanúnach lena chinntiú go dtiocfaidh sé le timpeallacht oibriúcháin agus tosaíochtaí gnó atá ag athrú. Tacóidh an Roinn go gníomhach chomh maith leis an bhfoireann maidir le leas a bhaint as an oiliúint, an bhfoghlaim agus an bhforbairt is gá chun a n-obair a dhéanamh go maith agus leanfaidh sí ag oibriú chun na hathruithe táirgiúlachta a chur chun feidhme a cumasaíodh le cur chun feidhme na gComhaontuithe Seirbhíse Poiblí.

Ní mór dea-rialachas a leathadh ar fud na Roinne, i ngach réimse agus ar gach leibhéal. Tá sé tábhachtach go dtuigeann na baill foirne go léir an córas rialachais agus a ról agus a bhfreagrachtaí chun cur le cultúr rialachais na Roinne. Táthar ag dréim leis na bhfoireann uile iad féin a chur ar an eolas faoi na cóid, rialacha agus reachtaíocht ábhartha ar fad lena rialáítear an Státseirbhís, mar aon le beartais chorparáideacha, nósanna imeachta agus ciorcláin, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na gceanglas i ndáil leis an eitic in oifigí poiblí, nochtadh cosanta, rúndacht oifigiúil, cosaint sonraí agus saoráil faisnéise.

- Faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí den Bhord Bainistíochta, Comhairleoirí Speisialta Aireachta agus sealbhóirí post ainmnithe sa státseirbhísí agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ráiteas um leasanna inchláraithe ar bith a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar fheidhmíocht a bhfeidhmeanna nó maidir le feidhmíocht a bhfeidhmeanna a chur ar fáil ar bhonn bliantúil. Ceanglaítear ar Shealbhóirí Oifige ráiteas um leasanna breise ar bith a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar fheidhmíocht a bhfeidhmeanna nó maidir le feidhmíocht a bhfeidhmeanna a chur ar fáil.
- Déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta 2014 i leith cosaintí reachtúla d'oibrithe i gcoinne bearta díoltais i gcúinsí ina nochtadh siad faisnéis a bhaineann le héagóir a thug siad faoi deara san áit oibre. Tá sé d'oibleagáid ar gach comhlacht poiblí faoin Acht nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu le déileáil le nochtadh cosanta agus cuirtear iad sin in iúl agus ar fáil don fhoireann laistigh den Roinn.
- Faoi Acht um Rúin Oifigiúla 1963 ní mór do státseirbhísigh nochtadh míchuí faisnéise a fhaigheann siad trí ábhar a gcuid oibre a sheachaint, ar ndóigh, chun cloí go hiomlán leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Leanfaidh an Roinn le fócas comhpháirteach a chinntiú ar -


- Feasacht maidir le freagrachtaí na bhfostaithe uile faoi Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse a chothú;
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann go léir ar an eolas faoi na rialacha, an reachtaíocht agus an treoir lena rialaítear an Státseirbhís, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rúndacht oifigiúil agus saoráil faisnéise; agus,
- Dul i ngleic le gearáin nó fadhbanna a ardaíonn an pobal nó baill foirne;

ag féachaint leis na socrúithe sin a neartú, de réir mar is gá.

Struchtúr na Roinne

Cuimsítear sa Roinn, a ndéantar a lán dá gníomhaíochtaí ar bhonn comhoibritheach in dhá Aonad Gnó nó níos mó, Oifig an Aire (agus Airí Stáit, sa chás gur ceapadh sa Roinn iad), an Bord Bainistíochta agus sé Rannán, mar a leanas:

Léaráid 1.1: Eagraghram na Roinne



Rúnaí Cúnta, nó a choibhéis, a stiúranann gach Rannán.⁴ Cuimsítear roinnt réimsí beartais agus oibriúcháin i ngach ceann de shé Rannán na Roinne faoi mar atá leagtha amach i dTábla 1.1. Aonad Gnó é gach réimse beartais nó oibriúcháin, á stiúradh ag Príomhoifigeach nó a choibhéis.⁵

Tábla 1.1: Freagrachtaí Rannacha

Rannán	Réimsí Beartais agus Oibriúcháin
Pleanáil, Bainistíocht Talún agus Beartas Margaidh Tithíochta	A áirithiú go bhfuil an beartas straitéiseach iomchuí agus an creat pleanála reachtach in áit chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus forbairt chothromaithe réigiúnach a chur chun cinn, e.g. trí Chreat Pleanála Náisiúnta fadtéarmach a fhorbairt, córas pleanála láidir trédhearcach a chothabháil, treoir beartais agus acmhainní iomchuí a sholáthar d’údaráis áitiúla agus don Bhord Pleanála lena gcuid feidhmeanna agus riachtanais reachtúla a sheachadadh. Maoirseacht a dhéanamh ar chomhordú agus ar fheidhmiú Atógáil na hÉireann – Plean Gníomhaíochta Tithíochta agus Easpa Dídine a bhfuil d’aidhm leis díriú ar na dúshlán shuntasacha don mhéadú ar tháirgeadh na tithíochta agus cur le tacaíochtaí tithíochta agus le seirbhísí eile agus ról riachtanach a sholáthar trasna na Rannán Tithíochta, Uisce agus Rialtais Áitiúil sa Roinn féin, mar aon le comhordú a dhéanamh ar bheartais agus ar thosaíochtaí le Ranna agus Gníomhaireachtaí iomchuí eile, Freagracht freisin as beartas don Mhargadh Ligin ar Cíos agus Rialáil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe; agus Samhlacha Nua

⁴ Féach leathanach 30 le haghaidh plé níos leithne ar ról an Rúnaí Chúnta agus ar ghráid choibhéiseacha.

⁵ Féach leathanach 32 le haghaidh plé níos leithne a fháil ar ról an Phríomhoifigigh agus ar ghráid choibhéiseacha.

Cistiúcháin a fhorbairt chun Tithíocht Shóisialta a sheachadadh.

Tithíocht Shóisialta

Freagracht as an mBeartas Tithíochta Sóisialta; Tacaíochtaí don Easpa Dídine agus don Chuimsiú Tithíochta, Freagracht as maoirseacht agus bainistíocht an Chláir Infheistíochta Caipitiúla do Thithíocht Shóisialta (SCHIP) agus an Chláir Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta (SCHEP), a chuimsíonn an tSaoráid Léasaithe Airleacain Chaipitiúil (CALF) agus scéimeanna Morgáiste le Ligean ar Cíos. Tá an Rannán freagrach freisin as feidhmiú céimneach agus forfheidhmiú na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC/RAS). Chomh maith leis an gclár tithíochta sóisialta a sheachadadh agus na réimsí gaolmhara beartais tá an Rannán freagrach freisin as pleanáil, bainistíocht agus maoirseacht airgeadais agus caiteachais tithíochta agus as maoirseacht ar chaighdeáin ailtireachta agus foirgníochta, lena n-áirítear forbairt beartais agus reachtaíochta i leith rialú foirgníochta, caighdeáin foirgníochta, táirgí tógála agus leasúchán na pírite.

An Rannán Uisce

Ag plé le Beartas na hEarnála uisce, lena n-áirítear forfheidhmiú leasuithe earnála, rialachas agus maoiniú Uisce Éireann agus an Ghrúpa Ervia, maoirseacht ar earnáil na ngrúpscéimeanna uisce agus an Treoir Réime maidir le hUisce a fhorfheidhmiú, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, creat pleanála spásúla muirí d'Éirinn, a fhorbairt agus creat dlíthiúil imill trá.

An Rannán Rialtais Áitiúil

Ag plé le beartais a bhaineann le hairgeadas rialtais áitiúil agus le clár oibre forbartha agus athchóirithe don earnáil rialtais áitiúil, a mhéid a bhaineann le cúrsaí eagraíochtúla agus struchtúrtha san áireamh, agus soláthar maoirseachta agus rialachais. Pléann an Rannán le rátaí tráchtála freisin, mar aon le smachtbhannaí foirne agus próisis ghaolmhara AD/HR agus IR. Baineann na Seirbhísí Dóiteáin agus an

	Stiúrthóireacht Bainistíochta Éigeandála leis an Rannán seo freisin.
Tacaíocht Chorporáideach agus Ghnó	Bainistíocht Cumarsáide agus Saoráidí; AD/HR; Airgeadas agus Cuntais na Roinne; Saincheadúnais; an tAonad um Thacaíocht Straitéiseach agus Ghnó; an tAonad Staitisticí agus Anailísíochta Sonraí; an tAonad TFC; GIS; an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí; Comhairleoirí Dlí.
Met Éireann	Réamhaisnéis ghinearálta; Seirbhísí Eitlíochta; Clíomeolaíocht agus Breathnóireacht; Taighde, Comhshaol agus Feidhmchláir; Seirbhísí Gnó; Teicneolaíocht.

Tá an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil, atá freagrach as iniúchtaí a dhéanamh ar chuntais na nÚdarás Áitiúil, agus as staidéir ar Luach ar Airgead agus iniúchtaí ar chórais, cleachtais agus nósanna imeachta na nÚdarás Áitiúil, lonnaithe sa Roinn chomh maith. Déantar cur síos ar obair na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil i gCaibidil a Cúig.

Suíomhanna

Tá an Roinn bunaithe i gceithre phríomhoifig:

- Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, Do1 W6Xo;
- Bóthar an Bhaile Nua, Baile Loch Garman, Co. Loch Garman, Y35 AP9o
- Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E8N6; agus
- Ceanncheathrú Met Éireann, Baile Átha Cliath, Do9 Y921.

Tá roinnt saoráidí agus oifigí níos lú ag an Roinn chomh maith i suíomhanna eile. Ag féachaint do chomhtháthú eagraíochta agus soghluaisteacht na foirne inmheánaí a éascú, bíonn gach ceann de Rannáin na Roinne, go ginearálta, i láthair in dhá cheann ar a laghad de príomhoifigí na Roinne; mar shampla, tá an Rannán Tacaíochta Corporáidí agus Gnó i mBaile Átha Cliath, i mBéal an Átha agus i Loch Garman.

Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta

Is iad seo a leanas príomhróil na Roinne:

- comhairle neamhchlaonta, bunaithe ar fhianaise maidir le beartas a chur ar fáil don Aire agus don Aire (Airí) Stáit;
- cur le forbairt beartais;
- cláir agus tionscadail a sheachadadh; agus,

(iv) caiteachas a bhainistiú;

cur chun feidhme bheartas an Rialtais a éascú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Tá ról ionadaíoch agus idirbheartaíochta ag an Roinn chomh maith maidir leis an AE agus freagrachtaí idirnáisiúnta eile.

Éascaítear baint amach na ról sin le struchtúir, próisis inmheánacha agus cultúr inmheánach na Roinne, faoi mar a mhionsonraítear ar fud an Chreata seo. I gcomhthéacs pleanáil ghnó, cinnteoireachta agus bainistíocht feidhmíochta tá nasc soiléir agus follasach idir spriocanna na heagraíochta, faoi mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2016-2019, go dtí ról aonair bhaill foirne uile na Roinne.

Tá sé tábhachtach go bhfuil pleanáil ghnó na Roinne comhtháite agus soiléir, go hingearach agus go cothrománach araon. Gné is ea a lán d'obair na Roinne d'iarracht níos leithne ar fud an Stáit, mar shampla i ndáil le réimsí amhail soláthar tithíochta, agus is léir go bhfuil sé tábhachtach go ndéantar obair na Roinne a ailíniú leis an ruthag beartais níos leithne arna chinneadh ag an Rialtas. Tá sé tábhachtach chomh maith go ndéantar an obair ar fad a dhéantar laistigh den Roinn a stiúradh i dtreo an tsainordaithe a thug an tOireachtas agus an Rialtas don Roinn, nó go dtacaítear leis. Baintear comhsheasmhacht inmheánach agus sheachtrach amach ag baint leas as ordlathas beartais a fhorleatar ó bheartas foriomlán an Rialtais, chuig straitéisí Roinne, chuig tosaíochtaí Rannacha, chuig pleananna gnó agus ar deireadh chuig cur síos agus ar ról agus cuspóirí do bhaill aonair foirne. Déantar measúnú agus tuairisciú ar an dul chun cinn/feidhmíocht ar leibhéal eagraíochta trí, mar shampla, Thuarascáil Bhliantúil na Roinne maidir le cur chun feidhme a Ráitis Straitéise, an bealach ar fad go dtí oibriú an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ar leibhéal baill foirne aonair.

De réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, forbraíonn an Roinn Ráiteas Straitéise uair amháin gach trí bliana ar a laghad, ina gcuirtear san áireamh an Clár um thiomantais an Rialtais. Soláthraítear ráiteas soiléir sa Ráiteas Straitéise maidir le misean agus spriocanna na Roinne agus soláthraítear an creat ann do phleanáil níos mionsonraithe agus bainistíocht feidhmíochta aonair ar fud na Roinne. Tá na cuspóirí agus na gníomhartha sa Ráiteas Straitéise ábhartha, cothromaithe, marthanach, agus tacaíonn siad le tomhas oibiachtúil.

Déantar breac-chuntas sa Tuarascáil Bhliantúil ar na príomhrudaí a baineadh amach agus ar na príomhfhorbairtí i rith na bliana chun cuspóirí na Roinne a bhaint amach,

faoi mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise.⁶ Tá an Tuarascáil Bhliantúil, atá formhuinthe ag an Ard-Rúnaí, foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne. Feidhmíonn próiseas na Tuarascála Bliantúla mar shásra athbhreithnithe don Ráiteas Straitéise, do Phleanáil Ghnó agus don Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus léirítear próiseas pleanála straitéisí na Roinne inti. Soláthraítear deis i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne chomh maith chun cúinsí atá ag athrú agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a thabhairt chun suntais, agus, más gá, an Ráiteas a chur in oiriúint dá réir. Sainaitnítear Cuspóirí Gnó Tosaíochta chomh maith, ar bhonn leathbhliantúil, ina leagtar amach go soiléir na tiomantais agus na táirgí insoláthartha don chéad sé mhí eile. Cuireann oibleagáidí comhlíonta agus rialachais náisiúnta agus idirnáisiúnta na Roinne bonn eolais faoi. Cuireann na Cuspóirí Gnó Tosaíochta agus na spriocanna feidhmíochta i struchtúr na Meastachán bonn eolais faoi phróisis phleanála gnó níos mionsonraithe. Ar spriocanna aschuir a bhunaítear pleananna gnó ar leibhéal an aonaid gnó. Cuirfidh na pleananna gnó sin bonn eolais ansin faoi shannadh na hoibre ar bhaill foirne aonair, rud a sholáthraíonn naisc shoiléire idir cuspóirí agus feidhmíocht ar fud na Roinne, agus ar an dóigh sin beifear ábalta monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus soiléire a sholáthar maidir le róil agus freagrachtaí na mball foirne aonair.

Tábla 1.2: An tOrdalthas Beartais

An Rialtas - An Clár Rialtais - An Ráiteas um Thosaíochtaí
An Roinn - Ráitis Éagsúla um Beartais Earnála
An Roinn - Ráiteas Straitéise (Trí Bliana
An Roinn - Cuspóirí Gnó Tosaíochta leathbhliantúla
Meastacháin: Spriocanna Feidhmíochta
Rannáin agus Aonaid Ghnó - Pleananna Gnó Bliantúla
Baill Foirne - Próifíl na Ról don Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Uirlis is ea an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chuidíonn leis na bainisteoirí agus na baill foirne go léir ar fud na Roinne le feidhmíocht a bhainistiú agus a fheabhsú, agus cuimsítear ann na príomhphrionsabail seo a leanas:

- Tuiscint shoiléir a chur ar fáil maidir leis an méid a bhfuiltear ag súil leis ón bhfoireann agus ó na bainisteoirí trí phleanáil éifeachtúil agus leagan amach éifeachtúil spriocanna:

⁶ Tá [Tuarascáil Bhliantúil 2016](http://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/annual_report_2016_english.pdf) na Roinne ar fáil ag an nasc seo: http://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/annual_report_2016_english.pdf

- Feabhas a chur ar an tuiscint ar chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta agus ar an rannchuidiú ó bhailt foirne aonair chun iad sin a bhaint amach;
- Athbhreithnithe rialta chun comhthuiscint a chinntiú maidir le spriocanna a bhaint amach agus maidir leis an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach a bhainistiú; agus
- Dul chun cinn gairme a chothú trí fhoghlaim agus trí fhorbairt leanúnach.

Próiseas comhoibríoch dhá bhealach is ea an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta lena spreagtar an fhoireann agus a mbainisteoirí le smaoineamh ar, le plé a dhéanamh ar, agus le comhaontú a dhéanamh ar cad is gá a dhéanamh chun feidhmíocht daoine aonair, feidhmíocht na Roinne agus an tseirbhís a sheachadaimid chuig an bpobal a neartú.

Tá roinnt meicníochtaí i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil sruthanna éifeachtúla agus cuí cumarsáide agus caidrimh ann le tacú leis na hAirí le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht na Roinne. Faoi mar a phléitear i gCaibidil a Trí, soláthraítear an príomhbhealach i gcruinnithe an Bhoird Bainistíochta Aireachta le haghaidh cruinnithe foirmiúla idir lucht bainistíochta sinsearaí na Roinne agus an tAire agus an tAire (Airí) Stáit, agus bíonn siad forlíonta ar bhonn leanúnach le rannpháirtíocht ar cheisteanna beartais sainiúla nó ceisteanna uile a thagann chun cinn. Is é Bord Bainistíochta na Roinne, a phléitear níos mine i gCaibidil a Trí chomh maith, an príomhbhealach do bhainistíocht leanúnach, tacaíocht agus treoir thimthriall phleanáil ghnó na Roinne, lena n-áirítear freagairt a thabhairt ar athruithe leanúnacha i dtosaíochtaí agus i gcúinsí.

Cumarsáid Inmheánach

Bíonn tionchar díreach ag chomh maith is a gcuireann an Roinn agus a foireann faisnéis in iúl agus chomh maith is a roinneann siad í ar bhaint amach na Roinne dá cuspóirí gnó agus ar cháilíocht a rialachais chorparáidigh. Tá dea-chumarsáid laistigh de réimsí éagsúla gnó na Roinne agus ar fud na Roinne ina cuid ríthábhachtach maidir le spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach. In amanna ina bhfuil athrú eagraíochta soláthraíonn cumarsáid dea-cháilíochta bealach le plé leis an bhfoireann ionas go dtuigfidh siad impleachtaí an athraithe sin don Roinn ina hiomláine, do na haonaid ghnó ina n-oibríonn siad, agus dóibh féin mar dhaoine aonair. Le cumarsáid dhá bhealach sa chomhthéacs seo is féidir leis an bhfoireann a bheith páirteach go gníomhach agus tacaíonn sé leis an athrú a chur i bhfeidhm. Trí chumarsáid éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ina soláthraítear deiseanna le haghaidh aiseolais, is féidir cuidiú lena chinntiú go mothaíonn an fhoireann go bhfuil meas orthu

agus go bhfuil siad ábalta cur le spriocanna na heagraíochta. Baineann luach suntasach leis an dea-chleachtas eagraíochta a chaighdeánú agus a fhorbairt sa réimse cumarsáide le haghaidh eagraíocht ilfheidhmiúil a chuimsíonn gach cearn den tír, cosúil leis an Roinn. Cuidíonn sé lena chinntiú go bhfuil roinnt eolais agus malartú faisnéise ina gcuid den sreabhadh oibre laethúil ar fud fheidhmeanna uile na Roinne. Le sreafaí dea-chumarsáide laghdaítear an fhéidearthacht go scaipfí mífhaisnéis agus go mbeadh coinbhleachtaí i gcúrsa an gháthghnó laethúil.

Ceapadh Ceann na Meán agus na Cumarsáide i mí Eanáir 2015 chun Aonad athnuaithe Cumarsáide agus Meán na Roinne a stiúradh. Tá an tAonad freagrach as cumarsáid straitéiseach agus as rannpháirtíocht leanúnach faisnéise agus meán. Cuimsítear Oifig Cumarsáide agus Preasoifig san Aonad.

Cuirtear cumarsáid inmheánach níos fearr chun cinn san Oifig Cumarsáide agus tacaítear léi. Tiomsaítear agus scaiptear tuairisc sheachtainiúil is déanaí na Roinne, an “Weekly Wrap” ann, ina gcuimsítear de ghnáth na tuairiscí is déanaí maidir le hathruithe foirne, naisc chuig foilseacháin na Roinne, Nuacht an AE, miontuairiscí an Choiste Comhpháirtíochta agus faisnéis de shuim ghinearálta.

Rinneadh uasghrádú suntasach le déanaí ar shaoráid inlín na Roinne, ar a dtugtar ‘Doras’ chun:

- Tacaíocht a thabhairt do chumarsáid inmheánach ar fud roinnt cainéal lena n-áirítear boird phlé, deaiseanna tionscadal agus blaganna.
- Miontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta a óstáil;
- Naisc a sholáthar chuig córais agus uirlisí na Roinne, amhail an córas airgeadais Oracle, an córas rianaithe um iarratais ar Shaoráil Faisnéise, r-ionadaithe, r-chiorcláin, feidhmeanna áirithe saoráidí, agus mar sin de; agus
- Tacaíocht a thabhairt d’obair na bhFoirne Tionscadail Tras-rannacha, amhail an Fochoiste Tithíochta agus an Bord Bainistíochta.

Áiríodh ar thionscnaimh bhreise a tugadh isteach ar bhonn leanúnach chun tacú le cumarsáid fheabhsaithe rannpháirtíochta sheachtainiúil úr idir an Bord Bainistíochta agus Bainisteoirí Sinsearach na Roinne a thabhairt isteach i dtús 2017.

Bhí an fhoireann rannpháirteach sa chéad *Civil Service Employee Engagement Survey* riamh in 2015, nuair a léirigh said a dtuairimí faoi chaidreamh gníomhach fostaithe, folláine, déileáil leis an athrú agus leibhéal tiomantais dár Roinn chomh maith le saincheisteanna tábhachtacha eile. Foilsíodh torthaí na Roinne ón suirbhé in Aibreán 2016, agus bhí sraith rannpháirtíochtaí ina dhiaidh sin chun na torthaí a chur in iúl don

fhoireann agus deis a thabhairt dóibh smaointe agus moltaí a chur chun cinn faoin tslí ar cheart don Roinn gníomhú ina leith. Tharla an méid sin ar chúpla dóigh, Cruinnithe Halla an Bhaile, Fóram na mBainisteoirí Sinsearacha agus cruinnithe aonair Aonad Gnó san áireamh. Thug Coiste Comhpháirtíochta na Roinne faoi obair shuntasach I gcomhthéacs plean a ullmhú chun díriú ar na príomh-shaincheistanna a bhí le sárú ag an Roinn, de réir mar a sainithníodh sa suirbhé. An *Employee Engagement Action Plan* an toradh a bhí air, agus sainbhearta ann chun díriú ar shaincheistanna faoin sannadh foirne agus soghluaisteacht inmheánach, soghluaisteacht sheachtrach, pleanáil don chomharbas, oiliúint agus meantóireacht, feabhsú cumarsáide agus tacaíocht don nuáil agus don scothchleachtas feidhmíochta.

Cumarsáid Sheachtrach

Cuirtear cumarsáid sheachtrach chun cinn san Oifig Cumarsáide chomh maith agus tacaítear léi. Déanann sí maoirseacht ar láithreacht ar líne na Roinne, go sonrach suíomh gréasáin na Roinne a athlainseáladh i mí Feabhra 2016 agus is í freisin atá freagrach as na tiomantais Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí na Roinne, agus as tionscnaimh na Roinne a chur in iúl amhail Clár Athnuachana na Státseirbhíse.

Díríonn an Phreasoifig ar idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin, ag cur freagairtí ar fáil ar fhiosruithe, ag eisiúint preaseisiúintí, ag socrú imeachtaí na meán agus ag stiúradh fhreagairt mheán na Roinne maidir le ceistanna atá ag teacht chun cinn agus ceistanna géarchéime. Soláthraíonn an Phreasoifig treoir agus tacaíocht d'Airí agus do Chomhghleacaithe chomh maith ar chúrsaí na meán.

Cheap an Roinne Oifigeach Cumarsáide breise le gairid chun raon ceistanna cumarsáide straitéisí a bhaineann le beartais earnála shonracha a sheachadadh. Díreoidh an tOifigeach Cumarsáide breise i dtosach ar an gcumarsáid a bhaineann le cur chun feidhme Chreat-treoir Uisce an Aontais Eorpaigh agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí a fhorbairt tuilleadh, ag cur san áireamh an comhairliúchán poiblí fairsing a theastaíonn chun na Treoracha sin a chur i bhfeidhm.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Tá an Roinn tiomanta d'oscailteacht agus trédhearcacht i ngach gné dá cuid oibre, lena n-áirítear forbairt na roghanna beartais, roghnú na roghanna beartais agus a gcur chun feidhme ina dhiaidh sin. Seachadann an Roinn beartais ar bhealach chomh oscailte agus is féidir, comhsheasmhach leis an dlí, ag cur san áireamh ceanglais cosúil le rúndacht tráchtála agus an gá le spás a chur ar fáil don phróiseas breithniúcháin. Is é cleachtas caighdeánach na Roinne a chinntiú go ndéantar tuarascálacha, staidéir, srl. a ullmhaítear le tacú lenár gcuid oibre a fhoilsiú go ginearálta.

Cuidíonn rannpháirtíocht fhairsing lenár bpáirtithe leasmhara baile agus idirnáisiúnta, Ranna/Oifgí Rialtais eile, breathnóirí eolacha agus saineolaithe eile le feabhas a chur ar cháilíocht ár gcomhairle ar bheartais. Déanann an Roinn a dícheall a bheith rannpháirteach a mhéid is féidir leis na grúpaí sin le cuidiú a thabhairt lena chinntiú go ndéanfar na roghanna beartais atá ar fáil a mheasúnú agus a bhreithmheas ar mhodh eolasach agus cothromaithe. Leanfaidh an Roinn ag cloí leis an treoir lárnach amhail na Treoirlínte um Chomhairliúchán do Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí agus na Treoirlínte um Anailís Tionchair Rialála.

Mar an nguth údaraithe ar aimsir na hÉireann, bíonn Met Éireann ag plé go mór le lear mór eagraíochtaí seachtracha amhail Údarás Eitlíochta na hÉireann, na hÚdaráis Eitlíochta éagsúla, an Garda Cóstá, na Gardaí srl. agus bíonn siad páirteach go gníomhach le lear mór comhlachtaí idirnáisiúnta speisialaithe lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta. Mar ghné ríthábhachtach dá obair laethúil tá baint mhór ag Met Éireann leis na meáin, go háirithe leis an gcraultóir náisiúnta seirbhíse poiblí, RTÉ. Cuireann Met Éireann faisnéis na haimsire in iúl chomh maith trína shuíomh gréasáin www.met.ie agus aip Met Éireann. In 2016 bhí níos mó na 48.5 milliún seisiún ar fud ardáin uile ar líne Met Éireann atá ar fáil don phobal.

Tá ról gníomhach ag an Roinn, laistigh de, agus i gcomhar le, líon eagraíochtaí idirnáisiúnta i dtaca le líon réimsí freagracht agus oibríochtaí beartais, mar shampla uisce agus meitéareolaíocht. Áirítear ar na heagraíochtaí idirnáisiúnta an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas. Ag cur san áireamh cineál réimsí beartais na Roinne atá roinnt éagsúil ról ann a dhéanann an Roinn ar bhonn idirnáisiúnta. Go sonrach, tá rannpháirtíocht le hinstiúidí an AE ina misean tábhachtach de chuid roinnt Rannán de chuid na Roinne, lena n-áirítear maidir le tograí reachtacha, sainchoistí agus ceisteanna cur chun feidhme. Agus a róil idirnáisiúnta á gcomhlíonadh aici, oibreoidh an Roinn i gcónaí laistigh de rialacha agus rialacháin an chomhlachta ábhartha, agus déanfaidh sí ionadaíocht ar son na hÉireann agus cuirfidh sí le forbairt poist idirbheartaíochta náisiúnta agus AE ar aon dul le beartas an Rialtais agus cuspóirí na Roinne.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí⁷

I gCairt na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, 2016-18, tá breacchuntas ar ár dtiomantas do sheirbhísí ardchaighdeáin, cúirtíseacha agus tráthúla a chur ar fáil dá custaiméirí go léir de réir na bPrionsabal Treorach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Cé go n-ullmhaíonn agus go bhfoilsíonn Met Éireann a Chairt Custaiméirí agus a Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí féin, mar Rannán den Roinn seo, tá sé tiomanta dá fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir na Cairte agus an Phlean Gníomhaíochta seo. I gCairt na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, aithnítear éagsúlacht ár gcustaiméirí, agus leagtar amach inti an aidhm lena riachtanais a bhaint amach trí:

- An tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt do chustaiméirí agus comhairle úsáideach a chur ar fáil dóibh;
- Caitheamh le custaiméirí go cuí, go cóir, go neamhchlaon agus le cúirtéis;
- Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go seastar le cearta custaiméirí um chóir chomhionann arna mbunú le reachtaíocht um chomhionannas maidir le seirbhísí na Roinne a sheachadadh; agus
- Tá sé mar aidhm againn freastal ar riachtanais speisialta ar bith a bheadh ag custaiméirí.

Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta líon tiomantas i dtaca leis an dóigh a gcaithimid le custaiméirí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear:

- Ár ndícheall a dhéanamh freagairt a thabhairt ar litreacha agus ar ríomhphoist laistigh de 15 lá oibre;
- Ainm teagmhála, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist a bheith san áireamh againn i ngach comhfhreagras ríomhphoist;
- Tiomantais shonracha i dtaca le teagmháil a dhéanamh le custaiméirí tríd an nguthán, cuairteanna ag custaiméirí ar oifigí na Roinne, seirbhísí a sholáthar i nGaeilge, agus seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumais.

⁷ Tá Cairt na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, agus Plean Gníomhaíochta na Roinne 2016-2018 ar fáil ag: [Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí](#)

Beartas na Gaeilge

Déantar foráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i leith ullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí ina mionsonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus tríd an dá theanga. I scéim reatha na Roinne don Ghaeilge leagtar amach:⁸

- Na Seirbhísí Gaeilge agus na Feabhsuithe atá beartaithe suas go dtí 2020;
- Na bearta trína bhfuil sé i gceist feabhas a chur ar Acmhainneacht Gaeilge na Roinne; agus,
- Socruithe monatóireachta agus athbhreithnithe.

Maoiniú 2017 na Roinne: An Státchiste agus an Ciste Rialtais Áitiúil

Tá clár oibre gnó leathan éagsúil ag an Roinn agus tá an Roinn eolach faoin ngá atá ann lena chinntiú go bhfuil sásraí láidre rialachais i bhfeidhm laistigh den Roinn féin agus laistigh dá raon leathan eagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil cistí poiblí á bhfáil acu. Tá an Roinn tiomanta d'oibriú laistigh de líonra Gníomhaireachtaí gaolmhara, údarás áitiúil, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile chun cuspóirí na Roinne a sheachadadh.

In 2017, táthar ag súil le hollmhaoiniú thart ar €1.8 billiún a fháil ón Státchiste do na cláir i Vóta na Roinne. Cuirfear €1.8 billiún eile leis sin ón gCiste Rialtais Áitiúil, a fhaightear go príomha ó fháltais ó Mhótarcháin agus ó Cháin Mhaoine Áitiúil.

Státchiste - Soláthar Iomlán Comhlán €1.8 billiún in 2017

Tá buiséad déanta d'ollchaiteachas €1.8 billiún in 2017 ón Státchiste. Sin méadú 29% ar 2016. Is ionann €1.075bn de agus an t-ollchaiteachas reatha ina gcuimsítear caiteachas cláir ar Thithíocht - (€566m), Rialtas Áitiúil - €377m, Seirbhísí Uisce - €24m, Pleanáil - €25m, Pobal - €68m⁹ agus Met Éireann - €15m.

Cuimsítear €54m de chostais riaracháin na Roinne sna hiomláin thuas.

Cuirfear €21 milliún leis an soláthar reatha do thithíocht (€551m) a mhaoineoidh údarais áitiúla iad féin ó fháltais ó Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ/LPT) agus a chuirfidh siad i bhfeidhm ar sheirbhísí tithíochta reatha. Ar an iomlán, dá bhrí sin, beidh thart ar €572 milliún i gceist sa chaiteachas clár reatha ar thithíocht.

⁸ Tá Scéim na Roinne don Ghaeilge ar fáil ag an nasc seo: [Scéim na Gaeilge](#)

⁹ Aistríodh na feidhmeanna Pobail ón Roinn seo go dtí An Roinn Gnóthaí Tuaithe agus Pobail, Roinn nuabhunaithe, in Iúil 2017.

Is ionann soláthar caipitil iomlán comhlán na Roinne do 2017 agus €705m. Laistigh de sin, tá caiteachas suntasach caipitil de €655m (93% den chaiteachas caipitil iomlán) curtha in áirithe do chlár thithíochta i mbliana. Cuirfear caiteachas caipitil €77m ar sheirbhísí tithíochta leis sin a mhaoineoidh údaráis áitiúla iad féin ó fháltais ó CMÁ. Dá bhrí sin, ar an iomlán, tá buiséad déanta do €1.3bn (€572m reatha, €732m caipitil) don chlár tithíochta in 2017.

Soláthar Iomlán Comhlán €1.8 billiún ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2017

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil i 1999 agus is é an sásra é trína ndéantar Cáin Mhaoine Áitiúil a dháileadh ar údaráis áitiúla. Caithfear thart ar €1.837bn ón gCiste in 2017. Tá an t-ioncam agus caiteachas measta ón gciste do 2016 agus 2017 leagtha amach sna táblaí thíos.

Tábla 1.3: Ioncam ón gCiste Rialtais Áitiúil

Ioncam ón gCiste Rialtais Áitiúil	2016	2017
	€m	€m
Fáltais ó Mhótarcháin	1,044.4	1,003
Cáin Mhaoine Áitiúil	463.4	460
Íocaíocht ón Státhchiste	396.6	365.3
<i>Iomlán</i>	<i>1,904.4</i>	<i>1,828,300</i>

Tábla 1.4: Caiteachas ón gCiste Rialtais Áitiúil

Caiteachas ón gCiste Rialtais Áitiúil	2016	2017
	€m	€m
Cáin Mhaoine Áitiúil	453.3	500.8
Bóithre agus Iompar Poiblí	348.7	333.0
Íocaíocht leis an Státhchiste	317.9	230.0
Fóirdheontas Uisce Éireann	652.1	639.0
Ilghnéitheach	103.5	88.0
Íocaíochtaí Rátaí Údarás Áitiúil	46	47
<i>Iomlán</i>	<i>1,921.5¹⁰</i>	<i>1,828.3</i>

¹⁰ Tá figiúr caiteachais 2016 níos mó ná figiúr fáltais 2016 mar gur buiséadaíodh d'easnamh beag ó bhí barrachas carntha ag an gCiste Rialtais Áitiúil sna blianta roimhe sin. Tá cuntais 2016 tugtha chun críche anois agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad.

Faigheann Met Éireann maoiniú ón gCiste Comhshaoil chomh maith, agus é á bhainistiú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Sonraítear i nGníomh 3 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse¹¹ go socrófar caighdeán rialachais comhchoiteann ar fud na Státseirbhíse, chun rialachas corparáideach a neartú sa Státseirbhís, ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá foilsiú na gCreatáí Rialachais Chorparáidigh, don Roinn seo agus do Ranna eile, ina ghné den chúram sin, lena n-áirítear an méid seo a leanas chomh maith:

- Ról an Bhoird Bhainistíochta a dhéanamh foirmeálta i Ranna agus tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíocht níos mó idir na hAirí agus an lucht bainistíochta maidir le hathbhreithniú i gcomhpháirt agus rialta a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar fheidhmíocht.
- Caighdeán aonair rialachais a thabhairt isteach do na Boird Bhainistíochta go léir, ag baint leas as an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le rialachas corparáideach.
- Measúnú bliantúil a bhunú do na Boird Bhainistíochta go léir chun seachadadh agus feidhmíocht a thomhas.
- Próiseas a phíolótú chun baill sheachtracha neamhfheidhmiúcháin a cheapadh i dtrí Bhord Bainistíochta chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht na samhla seo, ag cinntiú go gcuireann próiseas láidir roghnúcháin agus critéir shoiléire mheasúnaithe bonn taca fúithi.
- Beartas soiléir maidir le bunú Gníomhaireachtaí a cheapadh agus a chinntiú go bhfuil struchtúr rialachais na nGníomhaireachtaí comhsheasmhach lena mbonn taca reachtach.

Beidh ról iomlán ag an Roinn i neartú níos leithne an rialachais chorparáidigh ar fud na Státseirbhíse.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Phróisis Rialachais

Cuspóir le haghaidh an Chreata Rialachais seo is ea a chinntiú go leanfaidh sé ag forbairt ionas go leanfaidh an Roinn, ar bhonn leanúnach, de bheith breá ábalta freagairt a thabhairt ar athruithe sóisialta, polaitiúla, comhshaoil agus eacnamaíocha. Déanfaidh Bord Bainistíochta na Roinne athbhreithniú foirmiúil ar oibriú an Chreata Rialachais gach bliain, i gcomhar le Fóram an Lucht Bainistíochta Sinsearaí. Cuirfear

¹¹ Tá Plean Athnuachana na Státseirbhíse ar fáil ag an nasc seo: <http://www.per.gov.ie/en/civil-service-renewal/>

athruithe ar an gCreat in iúl do bhaill foirne uile na Roinne agus déanfar leagain leasaithe den Chreat a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne chomh maith.

2

Róil na nAirí agus an Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí

Sa chaibidil seo sainmhínítear róil agus freagrachtaí fhoireann na hAireachta agus Bainistíochta Sinsearaí.

Forbhreathnú ar na róil

Tá róil shonracha le déanamh ag gach duine de na hAirí, na hAirí Stáit, an Ard-Rúnaí agus bainisteoirí sinsearacha lena chinntiú go gcomhlíontar freagrachtaí na Roinne agus go gcomhlíontar iad ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Tá a lán de na freagrachtaí sin leagtha amach sa reachtaíocht, go príomha na hAchtanna um Airí agus Rúnaithe 1924 go 2013 agus an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997¹² agus tá siad á rialú leis an mBunreacht fosta.¹³

An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Deirtear Airteagal 28.12 den Bhunreacht go mbeidh Airí “i mbun” Ranna Stáit. Déantar foráil le hAirteagal 28.4.2 den Bhunreacht go mbeidh an Rialtas “go léir le chéile freagrach sna Ranna Stáit a riartar ag Comhaltaí an Rialtais”.

Déantar foráil san Acht um Airí agus Rúnaithe 1924, arna leasú, go mbeidh gach Aire ar an gceann freagrach ar an Roinn nó na Ranna faoina cheannas agus “...shall be individually responsible to Dáil Éireann alone for the administration of the Department or Departments which he is head”. Ainmnítear san Acht chomh maith Aire mar chorparáid aonair¹⁴, is é sin eintiteas dlíthiúil ar leithligh ón sealbhóir oifige aonair.

¹² Is féidir an reachtaíocht go léir a rochtain ag: <http://www.irishstatutebook.ie>

¹³ Déantar foráil in Airteagal 28.4.2 den Bhunreacht go mbeidh na Rialtas freagrach i gcomhpháirt as na Ranna Stáit atá á “riar” ag Comhaltaí an Rialtais. Faoi Airteagal 28.12 den Bhunreacht tá airí “i gceannas ar” Ranna Stáit.

¹⁴ Alt 2, an tAcht um Airí agus Rúnaithe 1924 go 2013.

Déantar foráil san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 go mbeidh an tAire Rialtais agus ceannas aige ar Roinn, de réir na nAchtanna um Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2013, freagrach as feidhmíocht na bhfeidhmeanna a shanntar ar an Roinn de bhonn na nAchtanna sin.

Tá an tAire freagrach don Oireachtas as gach gné de chleachtadh a fhreagrachta/a freagrachta Roinne. Baineann an fhreagracht sin, gné lárnach de struchtúr an rialtais, le cinnteoireacht shuntasach pholaitiúil ar mhórchéistean beartais go freagrachtaí gnáth-riaracháin arna gcomhlíonadh ag státseirbhísigh thar ceann an Aire.

Cuimsítear sa phríomh-reachtaíocht maidir leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na cóid reachtacha lena rialaítear tithíocht, pleanáil, rialtas áitiúil, seirbhísí uisce agus truailliú uisce, agus an próiseas toghchánaíochta. Tá baint faoi leith ag réimsí um dhlí an Aontais Eorpaigh le ról an Aire chomh maith. Faoi na cóid reachtacha seo, tá freagrachtaí an chreata beartais agus rialála, go ginearálta, dílsithe san Aire, leis an ról cur chun feidhme, go sonrach i dtéarmaí cinntí ar chásanna aonair, tarmligthe do na húdaráis áitiúla nó do chomhlachtaí neamhspleácha eile, tacaithe ina lán cásanna le saintoirmeasc reachtach ar bhainteacht na nAirí i gcásanna aonair.

Tá an caidreamh idir an tAire agus an Roinn riachtanach do chreat rialachais na Roinne. Ceann d'fheidhmeanna is tábhachtaí de chuid na Roinne is ea comhairle agus tacaíocht neamhspleách, neamhchlaonta agus ardchaighdeáin a chur ar fáil don Aire agus éifeacht a thabhairt do chinntí agus do bheartais an Aire.

Coinnítear taifid de gach aighneacht agus den chomhairle a thugtar don Aire. Coinnítear taifid chomh maith de gach cinneadh a dhéanann an tAire maidir le beartas. Cinntíonn Oifig Phríobháideach an Aire go gcoinnítear taifead de na haighneachtaí chuig an Aire (lena n-áirítear a n-ábhar agus an dáta) agus tugtar tacaíocht don fheidhm sin leis an bhfeidhmchlár eSubmissions, cuid de thionscnamh Straitéise TFC 'Build-to-Share' na Seirbhíse Poiblí.

Go ginearálta, buaileann an tArd-Rúnaí leis an Aire uair amháin sa tseachtain ar a laghad chun plé a dhéanamh, inter alia, ar ghnó an Rialtais, ar phríomhthosaíochtaí na Roinne agus ar cheisteanna eile a thagann chun cinn.

An tAire Stáit

An Chomh-Aireacht a cheapann na hAirí Stáit, ar ainmniú an Taoisigh. De réir an Achta um Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2) 1977, féadfaidh an Rialtas, trí ordú, ceann ar bith de chumhachtaí agus de dhualgais Aire ábhartha an Rialtais a tharmligean chuig Aire Stáit faoi Acht ar leith ar bith nó faoi chumhacht nó faoi dhualgas reachtúil ar leith ar bith. Féadfar ról agus feidhm an Aire Stáit a fheidhmiú ar bhonn riaracháin chomh maith.

I gcás ina sannfaí Airí Stáit don Roinn, comhaontófar sonraí beachtaí a sainchúraim leis an Aire, ag cur san áireamh cinneadh ábhartha an Rialtais. Beidh sannadh Aire Stáit tacaíthe ag Ordú um Tharmligean Feidhmeanna go dtí an méid is gá, agus déanfar é a chur in iúl don fhoireann uile i bhFógra Oifige, mar aon le sonraí faoi na socruithe oibre a bheidh i bhfeidhm maidir le feidhmíocht na nAirí Stáit dá bhfeidhmeanna tarmligthe.

Cumas Ceannaireachta agus Eagraíochtúla

Stiúrann agus bainistíonn Bord Bainistíochta na Roinne agus Cinn na nAonad Gnó cur chun feidhme na gcóras, na bpróiseas agus an iompair a theastaíonn chun dea-rialachas a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Cé go bhfuil treoir shoiléir ón mBord Bainistíochta tábhachtach, tá freagracht ag gach bainisteoir aonair as ceannaireacht a léiriú, as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do chomhghleacaithe maidir lena gcuspóirí a chomhlíonadh agus as an gcuí a mbeidh cúrsaí do rialachas éifeachtúil ar fud na Roinne a leagan amach. Ceanglaítear ar bhainisteoirí aonair chomh maith eolas a bheith acu faoi straitéisí agus nósanna imeachta na Roinne agus a chinntiú go gcloíonn na hAonaid Gnó a bhfuil siad freagrach astu leo. Baineann na straitéisí agus na nósanna imeachta sin le:

- Acmhainní Daonna;
- Rialachas agus slándáil TFC;
- Soláthar;
- Cumarsáid; agus,
- Coinneáil taifead agus bainistíocht sonraí.

An tArd-Rúnaí agus an tOifigeach Cuntasaíochta

Is é an tArd-Rúnaí Ceann Riaracháin na Roinne agus, inter alia, tá an fhreagracht fhoriomlán aige as cáilíocht na comhairle a chuirtear chuig an Aire. Déantar breac-chuntas ar fhreagracht reachtúil an Ard-Rúnaí san Acht um Airí agus Rúnaithe 1924 agus san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Faoi Acht 1997, tá dualgais áirithe sannta ar an Ard-Rúnaí laistigh den Roinn lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach ní an méid sin amháin:

- An Roinn a bhainistiú;
- Na beartais Rialtais is cuí don Roinn a chur chun feidhme;
- Aschuir a sheachadadh arna gcinneadh ag an Aire;
- Comhairle a sholáthar don Aire agus leas a bhaint as acmhainní chun ceanglais Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 a chomhlíonadh i ndáil le rialtacht agus cuibheas agus maidir le barainneacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht;
- Ráitis Straitéise a ullmhú lena gcur faoi bhráid an Aire;
- Tuarascálacha um dhul chun cinn a chur ar fáil don Aire maidir leis an Ráiteas Straitéise a chur chun feidhme;
- Úsáid chuí as acmhainní a chinntiú agus seirbhísí poiblí cost-éifeachtúla a sholáthar;
- A chinntiú go bhfuil socrúithe i bhfeidhm chun éifeachtacht i gcúrsaí tras-rannacha a uasmhéadú;
- Breac-chuntas a ullmhú maidir leis an dóigh a sannfar freagrachtaí sonracha lena chinntiú go bhfeidhmíonn oifigeach cuí, nó oifigeach de ghrád cuí nó céim chuí na feidhmeanna a fheidhmítear thar ceann an Aire ar fud na Roinne ar fad; agus
- Bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le ceapacháin, feidhmíocht, araíonacht agus dífhostú státseirbhíseach is ísle grád ná Príomhoifigeach nó a choibhéis.

Cé go bhfuil an liosta dualgas atá sonraithe san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, fairsing, ní gá go bhfuil siad uileghabhálach agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Ard-Rúnaí, faoin Acht, feidhmeanna eile a dhéanamh thar ceann an Aire. Cé go bhféadfaidh an tArd-Rúnaí freagracht agus cuntasacht a tharmligean trí iad a thabhairt (sa chás go bhfuil gach oifigeach cuntasach don Ard-Rúnaí), is aige nó aici atá an fhreagracht agus an chuntasacht ar deireadh as gníomhartha na Roinne, beag beann ar tharmligean na bhfreagrachtaí a shanntar.

Is é an tArd-Rúnaí Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne chomh maith. Dá bhrí sin, tá an tArd-Rúnaí freagrach go pearsanta as cistí agus maoin phoiblí atá faoina rialú a chosaint; as rialacht agus cuibheas gach idirbhirt i ngach Cuntas Leithreasáí ar a bhfuil a shíniú nó a síniú; agus as éifeachtacht agus barainneacht an riaracháin ina Roinn. Ceanglaítear ar Oifigigh Chuntasaíochta Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais a bheidh sínithe a chur ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar aon leis an gCuntas Leithreasáí Bliantúil.¹⁵ Tá tuilleadh eolais faoi ról an Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta ar fáil i gCaibidil a Ceithre.

Rúnaithe Cúnta

Sanntar freagrachtaí sonracha d'oifigigh ar leibhéal an Ard-Rúnaí Chúnta nó a choibhéise¹⁶ ina bhfeidhm mar Chinn Rannáin. Luíonn na freagrachtaí sin laistigh den chreat foriomlán bainistíochta don Státseirbhís agus don Roinn.

¹⁵ Tá Cuntas Leithreasáí 2015 ar fáil ar líne ag: [An Cuntas Leithreasáí](#)

¹⁶ Post ar choibhéis Rúnaí Chúnta is ea Stiúrthóir Met Éireann.

Cuimsítear i bhfreagrachtaí Rúnaí Chúnta:

- Tacaíocht a thabhairt don Ard-Rúnaí agus do bhaill eile den fhoireann bainistíochta lena chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a cuspóirí agus a haidhmeanna foriomlána;
- Comhairle a thabhairt don Ard-Rúnaí, do na hAirí agus don Rialtas, de réir mar is cuí, maidir le treoir straitéiseach, ceapadh beartas agus cur chun feidhme bheartais ábhartha an Rialtais;
- Na gnéithe ábhartha den Ráiteas Straitéise agus tuarascálacha gaolmhara um dhul chun cinn a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Ard-Rúnaí, an Aire agus na hAirí Stáit;
- Na cuspóirí a bhaineann leis an Rannán (arna sainiú i Ráiteas Straitéise 2016-2019 na Roinne agus cinn ina diaidh sin) agus an obair a bhainistiú chun na críche sin, ag cinntiú sheachadadh (laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil) na n-aschur arna ndearbhú ag an Aire, na hAirí Stáit agus an Ard-Rúnaí;
- Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú na bPleananna Gnó laistigh den Rannán agus nuashonruithe ráithiúla stádais i dtaca le Pleananna Gnó a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta tríd an Aonad Tacaíochta um Ghnó Straitéiseach;
- Bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an Rannáin, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar sannadh na bhfreagrachtaí sonracha ar oifigigh aonair nó ar ghrúpa oifigeach laistigh den réimse, a chinntiú go bhfuil an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta curtha i bhfeidhm sa réimsí agus go ndéantar gnó laethúil an réimse a bhainistiú go héifeachtúil;
- Úsáid chuí as acmhainní sa Rannán a chinntiú, lena n-áirítear bainistíocht éifeachtúil airgeadais, agus seirbhísí poiblí cost-éifeachtúla cuí a sholáthar don réimse;
- Cothabháil na gcóras agus na struchtúr cuí a chinntiú chun tacú le hobair an Rannáin;
- Na bearta cuí a dhéanamh chun bainistíocht éifeachtúil riosca sa Rannán a chinntiú;

- Comhordú agus ailíniú ghníomhaíochtaí an Rannáin le gníomhaíochtaí Rannán laistigh den Roinn agus idir réimsí laistigh den Rannán a chinntiú, de réir mar is cuí;
- Rannpháirtíocht ar an mBord Bainistíochta agus ar ghrúpaí bainistíochta inmheánaí eile, faoi mar a eagrófar agus a theastódh ó am go chéile agus rannpháirtíocht ar Fhoirne Tionscadail Tras-rannacha;
- Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha, go himmheánach agus go seachtrach araon, lena n-áirítear freastal ar ócáidí labhartha ábhartha agus cur le plé le Ranna eile, comhlachtaí ionadaíochta agus eagraíochtaí leasmhara, chomh maith le fóraim AE agus idirnáisiúnta, maidir le cúrsaí Roinne agus forbairtí straitéiseacha.

Tá Rúnaithe Cúnta cuntasach don Aire agus don Ard-Rúnaí agus is Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

Príomhoifigigh agus a gCoibhéisí

Cuimsítear iad seo a leanas sna príomhfhreagrachtaí ar an leibhéal Príomhoifigigh:

- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann tacaíochta níos leithne chun cuspóirí foriomlána na Roinne a bhaint amach;
- Pleanáil straitéiseach don Aonad Gnó ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha ábhartha na Roinne;
- Comhairle ar bheartais a chur ar fáil do na bainisteoirí sinsearacha, don Aire agus na hAirí Stáit, de réir mar is cuí;
- Cur chun feidhme beartas ábhartha ag an Aonad Gnó de réir threoirlínte agus threoracha an Rialtais/Aireachta;
- Feidhmiú, a mhéid is féidir, le cuspóirí a bhaineann leis an Aonad Gnó a bhaint amach (de réir pleananna gnó agus Ráiteas Straitéise na Roinne) agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn chun na críche sin;
- Bainistíocht a dhéanamh ar ghnáthghnó laethúil an Aonaid Ghnó agus maoirseacht a dhéanamh ar shannadh na bhfreagrachtaí sonracha ar oifigigh aonair nó ar ghrúpa oifigeach laistigh den Aonad;
- Feidhmíocht éifeachtúil na foirne suas go dtí an Príomhoifigeach Cúnta agus a choibhéis agus iad sin san áireamh a chur chun cinn, lena n-áirítear an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur i bhfeidhm san Aonad Gnó agus bainistíocht chuí na foirne san Aonad a chinntiú trí oiliúint, cóitseáil fhoirmiúil, srl.;

- Cothabháil na gcóras agus na struchtúr cuí chun tacú le hobair an Aonaid Ghnó;
- Na bearta cuí a dhéanamh chun bainistíocht éifeachtúil riosca san Aonad Gnó a chinntiú;
- Úsáid chuí as acmhainní san a chinntiú, lena n-áirítear bainistíocht éifeachtúil airgeadais, agus seirbhísí poiblí cost-éifeachtúla cuí a sholáthar don Aonad Gnó;
- Gníomhaíochtaí an Aonaid Ghnó a chomhordú le gníomhaíochtaí Aonaid Ghó, Rannán agus Ranna eile; agus,
- Páirt a ghlacadh ar ghrúpaí bainistíochta inmheánaí agus fochoistí ábhartha, nuair is gá.

Chomh maith le hoifigigh atá ag fónamh ar ghrád Príomhoifigigh, fostaíonn an Roinn Príomhchomhairleoirí agus Meitéareolaithe Sinsearacha chomh maith a sholáthraíonn sainchomhairle theicniúil a bhaineann lena réimsí saineolais, amhail rialachas foirgníochta, pleanáil spásúil agus meitéareolaíocht. Tá ról na bPríomhchomhairleoirí den chuid is mó an-chosúil le ról Príomhoifigigh, toisc go stiúran Príomhchomhairleoirí Aonad Gnó agus go n-oibríonn siad i dtreo a lán de na príomhfhreagrachtaí atá liostaithe thuas. Laistigh de Met Éireann, tá maoirseacht bainistíochta fhoriomlán ar aonaid ghnó an Rannáin ag Stiúrthóir Cúnta. Cuimsítear na gráid sin go léir i dtagairtí don Phríomh-Oifigeach sa doiciméad seo go ginearálta.

An Creat um Shannacháin

Le halt 4(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 tugtar cumhacht don Ard-Rúnaí freagrachtaí a shannadh ar oifigigh eile de chuid na Roinne (nó grád nó gráid oifigigh) as comhlíonadh a f(h)eidhmeanna. Leagtar amach é i ndoiciméad ar a dtugtar Creat um Shannacháin¹⁷

Is é an príomhbhuntaíste le Creat foirmiúil um Shannacháin, go dtugann sé soiléire mar go léiríonn sé an sannadh freagrachta ar gach oifigeach ar leith as comhlíonadh feidhmeanna, síos go dtí leibhéal Príomhoifigigh, an leibhéal sin san áireamh. Cuirtear na freagrachtaí a shanntar in iúl go príomha tríd an gcóras pleananna gnó Rannáin sa Roinn, agus tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.

¹⁷ Gheofar mionsonraí Chreat um Shannacháin na Roinne ar an suíomh gréasáin www.whodoeswhat.gov.ie

Déileáiltear le sannadh na freagrachta as comhlíonadh na bhfeidhmeanna ag oifigigh aonair, nó grád/gráid oifigigh faoi bhun leibhéal Príomhoifigigh ó thaobh riaracháin de, ar bhonn na gcuspóirí oibre pearsanta (nó foirne) a shaináithnítear faoi nó a bhaineann le pleananna gnó Rannáin na Roinne.

Faoi réir soláthairtí buiséadacha uileghabhálacha, gheobhaidh oifigigh ar a sannadh freagrachtaí faoin gCreat um Shannacháin na hacmhainní cuí agus an tacaíocht bhonneagair chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht.

Leanfar le sannacháin faoi Alt 4(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, arna sainiú sa doiciméad creata seo, a leasú ó am go chéile i scríbhinn a dhéanfaidh an tArd-Rúnaí, agus measfar go mbeidh an creat tugtha cothrom le dáta dá réir sin.

Caidreamh na Roinne leis an Aire agus an Aire (Airí) Stáit

Is é príomhról na Roinne comhairle agus tacaíocht neamhspleách, neamhchlaonta agus ardchaighdeán a chur ar fáil don Aire (agus Rialtas) ar bheartais agus cur chun feidhme éifeachtúil bheartais na Roinne a chinntiú de réir mar a bhaineann sé leis an Roinn.

Tá roinnt struchtúr agus próiseas i bhfeidhm lena chinntiú go dtacaítear go maith le caidreamh agus cumarsáid idir an tAire agus an Roinn, lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht rialta (uair amháin sa tseachtain ar ar a laghad) idir an tAire agus an tArd-Rúnaí;
- An Bord Bainistíochta Aireachta, a bhuaileann le chéile ar bhonn míosúil agus ar a bhfuil cur síos déanta i gCaibidil a Trí; agus,
- Rannpháirtíocht idir an tAire, comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta agus Príomhoifigigh maidir le saincheistean beartais agus cur chun feidhme.

Comhairleoirí Speisialta

Tá ról an Chomhairleora Speisialta leagtha amach in alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, agus faoi mar a shonraítear i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, bíonn ról sainiúil ag Comhairleoirí Speisialta maidir le tacaíocht agus comhairle a thabhairt d'Airí Rialtais nó, de réir mar a bheidh, d'Airí Stáit. Go

hachomair, is é ról an Chomhairleora Speisialta cúnamh a thabhairt don Aire¹⁸, trí chomhairle a sholáthar; monatóireacht a dhéanamh ar chuspóirí an Rialtais a bhaineann leis an Roinn, iad a éascú agus a áirithiú go mbainfear amach iad; agus feidhmeanna eile dá leithéid a fheidhmiú de réir mar a threoraíonn an tAire, nach mbaineann le feidhmiú cumhachtaí faoi leith a thugtar don Aire, nó do shealbhóir oifige ar bith eile. Tá an Comhairleoir Speisialta cuntasach don Aire, i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

Toisc go n-oibríonn Comhairleoirí Speisialta lasmuigh de struchtúr bainistíochta líne na Roinne, comhlánaíonn a ról oifigigh ábhartha na Roinne (seachas dul ina n-ionad) maidir le faisnéis a thabhairt go díreach don Aire ar réimsí tábhachtacha beartais agus oibriúcháin, dul i dtionlacan an Aire agus taifid chuí maidir le hócáidí oifigiúla a choinneáil. Beidh teagmháil leanúnach, dá bhrí sin, ag an Aire ar cheisteanna suntasacha, forbairtí, doiciméid, srl. ar fud na Roinne tríd an Ard-Rúnaí, trí Chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta agus trí na Rannáin/Aonaid Ghnó sa Roinn ach coinneofar a chomhairleoirí/a comhairleoirí cothrom le dáta ar na ceisteanna sin chomh maith ionas go mbeidh siad ábalta comhairle eolasach a chur ar fáil.

D'fhonn a bhfeidhmeanna a fheidhmiú go héifeachtúil, tá sé tábhachtach go gcoinneofar Comhairleoirí Speisialta cothrom le dáta maidir le forbairtí laistigh den Roinn agus den earnáil rialtais áitiúil a théann i gcion ar a dtreoir agus go ndéantar faisnéis a chomhroinnt leis na Comhairleoirí Speisialta agus go comhroinneann siadsan í. Dá bhrí sin, ba chóir gach iarracht a dhéanamh faisnéis cothrom le dáta a thabhairt do na Comhairleoirí maidir le ceisteanna suntasacha.

Mar an gcéanna, táthar ag súil go gcoinneoidh Comhairleoirí an Roinn ar an eolas faoi fhorbairtí agus faoi chúrsaí a théann i gcion ar fheidhmiú na Roinne agus go gcomhroinnfidh siad faisnéis ar mhodh tráthúil, go háirithe maidir le cúrsaí amhail:

- Cruinnithe/ócáidí a phleanálann an tAire;
- Sa chás ina bhfuil Comhairle Speisialta ag feidhmiú ról a bhaineann le bheith ag déileáil leis na meáin, maidir le himeachtaí beartaithe leis na meáin, preaseisiúintí agus freagrachtaí ar fhiosruithe na meán; agus,
- Plé beartais, tograí agus páipéir a thagann as plé nó faoi phlé i measc coistí tras-Rannacha nó ceapadh comhchosúil Comhairleoirí.

¹⁸ Sa chuid seo den Chreat, tagraíonn an téarma 'Aire' do 'Aire Stáit' freisin.

I ngnáthchúrsaí imeachtaí, ba cheart an méid seo a leanas a sholáthar don Chomhairleoir ábhartha:

- Cóipeanna de na haighneachtaí uile don Aire seachas na cinn ina ndéileáiltear le hionadaíochtaí;
- Cóipeanna de Mheabhráin don Rialtas a scaiptear ar Ranna lena mbreathnú, lena n-áirítear dréacht-Chinn Billí, srl.;
- Cóipeanna de pháipéir le haghaidh chruinnithe na gCoistí Comh-aireachta ábhartha;
- Cóipeanna de na tuairimí ábhartha a fhaightear ó Oifig an Ard-Aighne; agus
- Sonraí maidir le tuairimí (agus cuiridh chuig) príomhchruinnithe ar bith ina ndéileáiltear le ceisteanna suntasacha beartais nó ceisteanna ardphróifile.

Déantar breithnithe arna mbeartú ag an Aire ar Mheabhráin Airí eile a chomhordú trí Oifig an Ard-Rúnaí agus iad a réiteach leis an Aire, tríd an gComhairleoir Speisialta ábhartha.

Tá feidhm ag Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse maidir le Comhairleoirí Speisialta.

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Treoirlínte do Ranna maidir le hUllmhú Fógraí Oifige i dtaca le Comhairleoirí Speisialta. Gach uair a cheaptar Comhairleoir Speisialta, eiseoidh an Roinn Fógra Oifige dá leithéid, ina bpléifear leis na socrúithe rialachais, na sreafaí faisnéise, na nósanna imeachta agus na córais ar leith le haghaidh cinnteoireachta, socrúithe riaracháin, srl. a bheadh ina n-ábhar suime d'obair na gComhairleoirí Speisialta nó a rachadh i gcion ar obair na gComhairleoirí Speisialta. Feidhmeoidh Fógra Oifige dá leithéid chomh maith lena bhfreagrachtaí a chur in iúl don fhoireann agus lena chinntiú go dtugtar tacaíocht do na Comhairleoirí Speisialta socrú go gasta ina ról.

Cinntí Aireachta a Thaifeadadh

Tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun cinntí Aireachta a dhéantar in Oifig an Aire a thaifeadadh. Maidir le cúrsaí suntasacha beartais nó cúrsaí suntasacha eile, déanfar

aighneacht fhoirmiúil, a dhéanfar san Aonad Gnó ábhartha, chuig an Aire, ina leagfar amach an comhthéacs beartais, roghanna agus cinneadh molta; géaraítear aighneachtaí den sórt sin tríd an struchtúr bainistíochta leis an Aire agus treorófar tríd an gComhairleoir ábhartha iad nó déanfar iad a chóipeáil an tráth céanna chuig an gComhairleoir. Go minic, ag an bpointe seo, bíonn an tAonad Gnó ábhartha agus lucht bainistíochta na Roinne páirteach go díreach leis an Aire chun bonn eolais a chur faoi bhreithniúcháin. A luaithe is a bheidh siad déanta, taifeadtar cinntí maidir leis na haighneachtaí, a chuirtear ar ais chuig an Aonad Gnó ábhartha lena gcomhdú. Tugtar tacaíocht don mhéid sin ar fad anois leis an bhfeidhmchlár eSubmissions, cuid de thionscnamh Straitéise TFC 'Build-to-Share' na Seirbhíse Poiblí, a cuireadh i bhfeidhm sa Roinn, mí na Nollag 2016.

3

An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile

Sa chaibidil seo leagtar amach na príomhstruchtúir bhainistíochta laistigh den Roinn, agus go sonrach an Bord Bainistíochta agus a fhochoistí.

An Bord Bainistíochta

Sa roinnt seo leagtar amach ról / feidhm agus ballraíocht Bhord Bainistíochta na Roinne. Áirítear i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014 príomhghníomh chun feabhas a chur ar rialachas ina bhféachtar *inter alia*, le:

- Ról an Bhoird Bhainistíochta a dhéanamh foirmeálta agus tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíocht idir na hAirí agus na bainisteoirí maidir le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar fheidhmíocht; agus
- Measúnú bliantúil a bhunú don Bhord Bainistíochta chun seachadadh agus feidhmíocht a thomhas.


Maidir leis sin, soláthróidh an Bord Bainistíochta measúnú foirmiúil bliantúil um fheidhmíocht eagraíochta.

Comhdhéanamh an Bhoird Bhainistíochta

Déanann Ard-Rúnaí na Roinne cathaoirleacht ar an mBord Bainistíochta, a thionóllann na cruinnithe. Is iad na comhaltaí eile na Rúnaithe Cúnta nó a gcoibhéis a stiúran gach Rannán de chuid na Roinne.

Tugtar cuireadh do bhaill foirne eile na Roinne chuig cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta le haghaidh plé nó chun seisiúin eolais agus nuashonruithe a thabhairt ar cheisteanna tosaíochta de réir mar a theastaíonn. Freastalaíonn Comhairleoir an Aire shinsearaigh ar an gcuid sin den chruinniú ina gcuirtear béim ar ghnó an Rialtais agus an Oireachtais. Féadfaidh an tArd-Rúnaí cuireadh a thabhairt chomh maith do dhuine aonair ar bith eile is mian leis nó léi chun cuidiú leis an mBord lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Léaráid 3.1: Bord Bainistíochta na Roinne



An Rúnaíocht

Is é an tArd-Rúnaí a leagann amach an clár oibre don Bhord Bainistíochta, i gcomhairle leis an rúnaí agus le comhaltaí eile, de réir mar is gá. Gníomhaíonn Ceann an Rannáin um Thacaíocht Chorporáideach agus Ghnó (Rúnaí Cúnta) mar rúnaí ag na cruinnithe agus ullmhaíonn sé nó sí miontuairiscí lena gcomhaontú ag an gcéad chruinniú eile.

Eagraíonn an rúnaí miontuairiscí don Bhord Bainistíochta lena scaipeadh go himmheánach ar an bhfoireann go léir ar shuíomh inlín na Roinne, laistigh de sheachtain ón am a gcomhaontaítear iad ag cruinniú Boird de ghnáth. Tugann comhaltaí Boird aonair faisnéis go díreach don fhoireann chomh maith de réir mar is gá agus mar is cuí ar chinntí a dhéantar, m.sh. go háirithe i dtaca le cúrsaí sa chás go dteastódh gníomhaíocht leantach ó dhaoine aonair ar leith nó ó Rannáin / Aonaid Ghnó.

Ról an Bhoird Bhainistíochta

Tá an Bord Bainistíochta freagrach ar an gcéad dul síos as bainistíocht fhoriomlán a dhéanamh ar an Roinn chun a príomhsprioc a bhaint amach, is é sin, tacú le háiteanna cónaithe dea-phleanáilte a sheachadadh ar bhonn éifeachtach inbhuanaithe agus tacú le rialtas áitiúil éifeachtach. Tá sé freagrach as bainistíocht straitéiseach, chorporáideach agus oibriúcháin na heagraíochta lena chinntiú go ndéantar na tosaíochtaí agus oibleagáidí reachtúla Roinne agus Aireachta a sheachadadh de réir na gceanglas reachtacha agus nós imeachta ábhartha agus go ndéantar oibleagáidí an Oireachtais a chomhlíonadh go cuí.

Chomh maith le rannpháirtíocht aonair leanúnach le hAirí agus lena gComhairleoirí chun tacaíocht, comhairle agus tuarascálacha um dhul chun cinn maidir le tosaíochtaí, ceisteanna straitéiseach, feidhmíocht na Roinne nó gníomhaireachtaí nó príomhcheisteanna eile a chur ar fáil, buaileann an Bord Bainistíochta leis na hAirí agus lena gComhairleoirí i gcruinniú Boird Aireachta/Bainistíochta go rialta, ar bhonn míosúil de ghnáth.

Feidhmíonn an Bord Bainistíochta ar na prionsabail um rannpháirtíocht agus um fhreagracht chomhroinnte maidir le rath oibriúcháin na Roinne ina hiomláine i dtaca le tacaíocht a thabhairt don Aire (Airí) agus don Ard-Rúnaí lena róil reachtúla a chomhlíonadh. Lena chois sin, tá freagracht ag gach comhalta Boird aonair as ceannaireacht agus treoir straitéiseach a chur ar fáil, cur le bainistíocht chorparáideach na Roinne ina hiomláine, chomh maith le saincheisteanna Roinne, agus tacú go gníomhach le comhghleacaithe le cuspóirí a bhaint amach. Tagtar ar chinntí trí chomhthoil de ghnáth. Sa chás nach bhfuil comhthoil indéanta, cinnfidh an tArd-Rúnaí cad a dhéanfar.

Bítear ag súil le Comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta freastal ar chruinnithe agus a bheith páirteach i bplé oscailte agus rannpháirtíocht ar cheisteanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh plé ann ó am go chéile ar ábhar rúnda nó íogair agus caitheann comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta leo dá réir sin. Tá freagracht ag comhaltaí as cúrsaí a chur in iúl don Bhord a d'fhéadfadh bagairt a chur ar mhaoín nó luach ar airgead lena ndéanann an Roinn a gnó nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a cumas a cuspóirí a bhaint amach.

Feidhmíonn an Bord Bainistíochta mar chinnteoir i dtaca le príomhcúrsaí straitéiseacha, corparáideacha agus cúrsaí tosaíochta oibriúcháin suntasacha áirithe, go háirithe na cinn lena bhfuil gné tras-roinne. Tagann na príomhréimsí gníomhaíochta don Bhord faoi na ceanteidil um Thacú leis an Oireachtas, Tacaíocht Straitéiseach agus Chorparáideach Ghnó, Rialachas agus Maoirseacht agus Seachadadh Beartas.

Tacú leis an Oireachtas

Déanann an Bord Bainistíochta maoirseacht ar ullmhú le haghaidh ghnó reachtach agus Aireachta an Rialtais, an Oireachtais agus ar rannpháirtíocht ann. Déanann sé monatóireacht chomh maith ar oibleagáidí tábhachtacha áirithe a thagann as ballraíocht an Stáit san AE agus comhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla.

Tacaíocht Ghnó Straitéiseach agus Chorporáideach

Coimeádann an Bord Bainistíochta maoirseacht ar phríomhcheisteanna sa réimse um thacaíocht ghnó maidir le pleanáil straitéiseach/ghnó agus tuairisciú bliantúil, seirbhísí do chustaiméirí, cumarsáid, cóiríocht agus sláinte agus sábháilteacht, TFC, acmhainní daonna agus pleanáil an lucht oibre, an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus tionscnaimh um athchóiriú. Déanann sé monatóireacht chomh maith ar dhul chun cinn na Roinne maidir le spriocanna agus cuspóirí ar fud raon oibleagáidí.

Rialachas agus Maoirseacht

Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar chúrsaí rialachais don Roinn agus dá teaghlach gníomhaireachtaí agus údaráis áitiúla. Déantar monatóireacht chomh maith ar cheanglais trédhearcachta amhail brústocaireacht. Déanann an Bord monatóireacht ar bhainistíocht riosca na Roinne agus faigheann sé tuairiscí rialta i dtaca le monatóireacht agus maoirseacht airgeadais agus obair an Choiste Iniúcháireachta agus an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí.

Seachadadh Beartas

Tá ról lárnach ag an mBord Bainistíochta maidir le comhairle a thabhairt ar straitéis agus straitéis a cheapadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm agus cinntíonn sé go bhfuil struchtúir chúil i bhfeidhm chun tacú le spriocanna beartais Rialtais agus Aireachta a bhaint amach. Breathnaíonn an Bord ar ardleibhéil ar chinntí suntasacha bainistíochta agus infheistíochta agus ar mhórchéisteanna beartais agus seachtracha.

Coistí an Bhoird Bhainistíochta

Chun tacú leis an mBord, bunaítear buan-Fhochoistí agus fochoistí ad hoc de réir mar is gá. Is iad seo a leanas na buan-Fhochoistí reatha atá gníomhach, in Iúil 2017.

- Riosca
- Rialachas TFC
- Sláinte agus Sábháilteacht

Déanann comhalta den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí arna ainmniú ag an Ard-Rúnaí nó arna chomhaontú ag an mBord Bainistíochta cathaoirleacht ar na Fochoistí. Tagann comhaltaí na bhFochoistí ón Roinn i gcoitinne.

Ó am go chéile féadfaidh an Bord Bainistíochta Coistí ad hoc a bhunú chomh maith, i bhfoirm buíonta tras-Rannáin chun gnéithe áirithe den obair a chur ar aghaidh chun tacú lena bhfeidhm féin. Is iad seo a leanas na Coistí ad hoc atá gníomhach faoi láthair (Iúil 2017):

- Margadh Tithíochta
- An bhuíon tras-Rannáin um Rialtas Áitiúil agus Airgeadas

Soláthraíonn na buan-Fochoistí agus na Fochoistí ad hoc a bhunaíonn an Bord Bainistíochta tuarascálacha don Bhord faoi mar atá leagtha amach ina dtéarmaí tagartha nó faoi mar a iarrann an Bord.

An Bord Bainistíochta Aireachta

Soláthraítear an phríomhdheis i gcruinnithe an Bhoird Bainistíochta Aireachta le haghaidh cruinnithe foirmiúla idir lucht bainistíochta sinsearaí na Roinne agus an tAire agus an tAire (Airi) Stáit, chun cumarsáid agus caidreamh éifeachtach a chinntiú chun cuidiú leis an hAiri monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht na Roinne. Cé go mbíonn teagmháil agus cruinnithe gnáthaimh idir na hAiri agus comhaltaí aonair den Bhord Bainistíochta maidir le cúrsaí earnála agus sainiúla, tagann an Bord Bainistíochta Aireachta le chéile de ghnáth ar bhonn míosúil agus soláthraíonn sé fóram chun tosaíochtaí straitéiseacha a leagan amach agus chun monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséad, tosaíochtaí straitéiseacha agus ceisteanna earnála na Roinne a thagann chun cinn. Cuimsítear ann an tAire, na hAiri Stáit agus an Bord Bainistíochta. Freastalaíonn Comhairleoirí Speisialta chomh maith, mar aon le baill foirne eile a theastaíonn.

An Coiste um Rialachas TFC

Is é ról an Choiste um Rialachas TFC treo straitéiseach TFC a chur ar aghaidh sa Roinn, chomh maith le feabhas a chur ar an gcaiteachas ar thionscadail TFC.

Déanann comhalta de Bhord Bainistíochta na Roinne cathaoirleacht ar an gCoiste um Rialachas TFC, agus chomh maith leis sin áirítear ar a bhallraíocht Rúnaí Cúnta an Rannáin um Thacaíocht Chorparáideach agus Ghnó. Déantar ionadaíocht ar son gach Rannáin de chuid na Roinne ar an gCoiste um Rialachas TFC. Maidir le gach comhalta den Choiste, seachas Rúnaí Cúnta an Rannáin um Thacaíocht Chorparáideach agus Ghnó agus na Príomhoifigigh (nó gráid choibhéiseacha) atá freagrach as feidhmeanna TFC in Met Éireann agus sa Roinn i gcoitinne, ní fhónfaidh siad tréimhse nach mó ná dhá bhliain agus cuirfear comhghleacaí ón Rannán céanna ina n-ionad, agus déanfar an rothlú a chéimniú chun leanúnachas a chinntiú.

Ról Maoirseachta Thionscadal an Choiste um Rialachas TFC

Maidir le gach tionscadal TFC agus gach tionscadal a bhaineann le TFC (os cionn tairísí atá socraithe ag €25,000 faoi láthair), ní mór don urraitheoir tionscadail é a chur faoi bhráid an Choiste, i ndiaidh don bhainisteoir TFC ábhartha measúnú tosaigh a dhéanamh air.

Ní mór do chúig chomhalta, ar a laghad, den Choiste a bheith i láthair chun ítimí caiteachais tionscadail a fhaomhadh.

Maidir le gach tionscadal a fhaomhann an Coiste ní mór dó:

- Cloí leis na rialacha soláthair TFC agus le rialacha ginearálta nós imeachta agus ciorcláin;
- Doiciméad um Thionscnamh Tionscadail a bheith leis, nach mór sonraí Eagraíocht an Tionscadail a bheith leagtha amach ann, lena n-áirítear ról agus freagrachtaí an Bhoird Tionscadail agus na Foirne Tionscadail.

Soláthraítear tuairiscí dul chun cinn agus sonraí caiteachais i dtaca le tionscadal faofa don Choiste lena scrúdú má iarrtar é sin.

Soláthraíonn an Coiste tuairiscí do Bhord Bainistíochta na Roinne gach 6 mhí i dtaca le dul chun cinn na dtionscadal a faomhadh sna 6 mhí roimhe sin agus Straitéis fhoriomlán TFC na Roinne.

An Coiste Riosca

Is é ról an Choiste Riosca maoirseacht a dhéanamh, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, ar chur chun feidhme na bainistíochta riosca sa Roinn, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus ar mhodheolaíocht na bainistíochta riosca, monatóireacht a dhéanamh ar an mbainistíocht riosca ar fud an Roinne agus rioscaí foriomlána na Roinne a shainaithint agus a mheasúnú. Déanann an Coiste athbhreithniú chomh maith ar Chlár Rioscaí na Roinne, go sonrach i gcomhthéacs a áisiúlachta agus a thairbhe do bhainistiú agus do thuairisciú rioscaí na Roinne. Déanann an Príomhoifigeach a stiúran an tAonad um Thacaíocht Straitéiseach agus Ghnó cathaoirleacht ar an gCoiste Riosca agus áirítear ionadaí air ó gach Rannán de chuid na Roinne.

An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne bunaithe chun comhairliúchán dóthanach a chinntiú idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann i gcúrsaí Sláinte, Leasa agus Sábháilteachta faoi mar a ordaítear le halt 26 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Is iad príomhróil an Choiste Sábháilteachta:

- Gníomhú mar fhóram comhairliúcháin le haghaidh gach cúrsa Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa laistigh den Roinn;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas, lena n-áirítear Ráitis um Shábháilteacht agus oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, de réir mar is cuí;
- Athruithe agus/nó feabhsuithe a mholadh a bhaineann le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ar bhonn comhairle a fhaightear ón bhfoireann agus/nó ó struchtúir bhainistíochta áitiúla; agus
- Athbhreithniú agus forbairt leanúnach bheartais agus nósanna imeachta na Roinne Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa a chinntiú.

Gníomhaíonn Comhordaitheoir Choiste Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne mar Chathaoirleach an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an Coiste comhdhéanta d'Oifigh Shábháilteachta (ag gníomhú thar ceann struchtúir bhainistíochta áitiúla nuair is ábhartha), ionadaithe sábháilteachta foirne ó gach comhlacht ionadaíoch 45

chomh maith le ionadaithe foirne ginearálta agus foireann na Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear foireann ón rannóg Pearsanra, Cóiríochta agus Oiliúna.

Fóram an Lucht Bainistíochta Sinsearaí

Tá Fóram an Lucht Bainistíochta Sinsearaí ina gcuimsítear an Bord Bainistíochta, Cinn na nAonad Gnó agus coibhéisí Príomhoifigigh, ina ghné thábhachtach de rialachas, ceannaireacht agus ailtireacht bhainistíochta na Roinne. Déanann an tArd-Rúnaí cathaoirleacht ar chruinniú seachtainiúil de chuid an Fhórait, ina soláthraítear struchtúr do chumarsáid ar fud na heagraíochta maidir le forbairtí a rinneadh le déanaí in obair bheartais agus oibriúcháin na Roinne agus chun ceisteanna corparáideacha níos leithne ar chlár oibre na Roinne a phlé.

4

Socruithe um Iniúchadh, um Dhearbhú agus um Chomhlíonadh

Sa Chaibidil seo sainítear na socruithe reatha um iniúchadh agus um dhearbhu atá sa Roinn cheana, agus leagtar amach na sásraí inti trína gcinntíonn an Roinn go bhfuil riosca agus feidhmíocht á mbainistiú go héifeachtúil agus go bhfuil leas á bhaint as na próisis, córais agus treoirlínte dea-chleachtais. Leagtar amach ról na Roinne sa Chaibidil seo:

- Oifigeach Cuntasaíochta;
- Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí;
- Coiste Iniúcháireachta; agus,
- Aonad Airgeadais Inmheánaigh.

Déantar cur síos sa Chaibidil chomh maith ar na próisis um bainistíocht riosca agus um sholáthar poiblí. Soláthraítear i gCaibidil a hAon sonraí faoi phríomhfhoinsí acmhainní airgeadais na Roinne, agus is iad sin an Státchiste (“an Vóta”) agus an Ciste Rialtais Áitiúil.

An Státchiste agus an Ciste Rialtais Áitiúil: Na Socruithe Cuntasaíochta

Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta agus don Chiste Rialtais Áitiúil. Tá an Vóta faoi réir an phróisis Meastachán bliantúil a n-oibríonn an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena linn; tugtar an cur chuige foriomlán maidir leis an gCiste Rialtais Áitiúil chun críche go ginearálta in éineacht leis na Meastacháin. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Vóta na Roinne (is é sin, an Cuntas Leithreasáil) agus ar an gCiste Rialtais Áitiúil. Déanann Coiste na gCuntas Poiblí athbhreithniú ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus coinníonn sé an tArd-Rúnaí cuntasach.

An tOifigeach Cuntasaíochta

Tá an tArd-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as:

- (a) A chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú; agus
- (b) Tuarascáil bhliantúil um Dhearbhú Cáilíochta (DC) a dheimhniú mar chuid de chomhlíonadh leanúnach an Chóid Chaiteachais Phoiblí (CCP).

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil agus oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil timpeallacht rialaithe agus creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe airgeadais inmheánaigh a choimeád. Ina theannta sin, dearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibrítear de réir cairte faofa i scríbhinn. Ní féidir ach deimhniú réasúnta a thabhairt, áfach, leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go bhfuil earráidí á gcosc nó á mbrath ar mhodh thráthúil. Próiseas leanúnach is ea córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

(i) Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais;
- Tá nósanna imeachta foirmiúla á mbunú maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus beart ceartaitheach cuí a chinntiú; agus,
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt maidir le freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

(ii) Rialú riaracháin agus tuairisciú ar bhainistíocht

Dearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil creat um nósanna imeachta agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta, agus, go sonrath:

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú air;
- Go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne réamh-mheastachán;
- Go bhfuil córas bainistíochta riosca á oibriú laistigh den Roinn;
- Go bhfuil córais ann lena ndírítear ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú;
- Go bhfuil treoirlínte um rialú infheistíochtaí caipitil cuí agus¹⁹ smacht foirmiúil bainistíochta tionscadal ann; agus,
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a chinntiú.

(iii) Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Ina theannta sin, dearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibrítear de réir cairte faofa i scríbhinn (féach an chéad roinn eile thíos). Cuirtear bonn eolais faoina obair le hanailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn nochtá agus bunaítear a pleananna iniúcháireachta inmheánaí, a fhaomhann an tOifigeach Cuntasaíochta, ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Dearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go dtabharfar aird ar thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Deimhníonn an tOifigeach Cuntasaíochta Tuarascáil bhliantúil um Dhearbhú Cáilíochta mar chuid de chomhlíonadh leanúnach an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Is é is aidhm leis an Dhearbhú Cáilíochta an méid a bhfuil n-oibleagáidí á gcomhlíonadh ag

¹⁹ Go n-oibríonn an Roinn Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil DPER.

na Ranna agus ag a gníomhaireachtaí gaolmhara arna leagan amach sa Chód Caiteachais Phoiblí a thomhas. Cinntítear leis an gCód Caiteachais Phoiblí go bhfaigheann an stát luach ar airgead in úsáid na gcistí poiblí uile.

Tá na cúig chéim seo a leanas sa Phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta:

- Fardail de gach tionscadal/clár a dhréachtú ag gach céim de Shaolré an Tionscadail (breithmheas, pleanáil/dearadh, cur chun feidhme, iarchur chun feidhme). Tá trí chuid san fhaldal i leith caiteachais atá á bhreithniú, caiteachais atá á thabhu agus caiteachais a críochnaíodh le gairid agus áirítear ar an bhfardal gach tionscadal/clár os cionn €0.5 milliún;
- Faisnéis achoimre ar shuíomh gréasáin na Roinne maidir le gach soláthar os cionn €2 mhilliún, cibé acu an bhfuil siad úr, ar siúl nó críochnaithe;
- Seicliostaí le cur i gcríoch maidir leis na céimeanna éagsúla. Leis na seicliostaí sin cuirtear ar chumas na Roinne agus a gníomhaireachtaí féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh maidir leis an gcód i dtaca leis na seicliostaí a sholáthraítear tríd an gCód Caiteachais Phoiblí;
- Grinnseiceáil a dhéanamh ar líon beag tionscadal/clár roghnaithe. Roghnaítear líon tionscadal nó clár (5% ar a laghad den chaiteachas iomlán) le hathbhreithniú níos déine a dhéanamh orthu. Áirítear air sin athbhreithniú a dhéanamh ar gach tionscadal ó *ex-post* go *ex-ante*; agus,
- Tuarascáil ghairid a chur i gcrích don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina gcuimsítear fardal na dtionscadal go léir, tagairt an tsúimh ghréasáin d'fhoilsiú soláthairtí os cionn €2 mhilliún, na seicliostaí críochnaithe, breithiúnas na Roinne ar leordhóthanacht na bpróiseas ag cur san áireamh na torthaí ó na grinnseiceálacha agus moltaí na Roinne maidir le heasnamh ar bith a fhaightear a fheabhsú.

An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí

Beartas na Roinne is ea feidhm ardchaighdeáin iniúchóireachta inmheánaí a choimeád a dhéanann a ghníomhaíochtaí de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sainmhíniú agus Ról

Gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil dearbhaithe agus comhairleach is ea **iniúchóireacht inmheánach** a ceapadh chun luach a chur le hoibríochtaí na Roinne agus iad a fheabhsú. Cuidíonn sé leis an Roinn a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, eagraithe a ghlacadh maidir le héifeachtúlacht phróisis na

bainistíochta riosca, rialaithe inmheánaigh agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú. Sainmhínítear **rialú inmheánach** mar chóras iomláin na rialuithe, airgeadais, oibriúcháin, TF agus eile, arna mbunú ag an lucht bainistíochta d'fhonn gnó na Roinne a dhéanamh ar mhodh ordúil agus éifeachtach, a chinntiú go gcloítear le beartais bhainistíochta, na sócmhainní a chosaint agus, a mhéid is féidir, iomláine agus beart na dtaifead a choinneáil slán. Tá **bainistíocht riosca** ina cuid den chreat rialaithe inmheánaigh agus sainmhínítear é mar phróiseas chun imeachtaí nó cásanna a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a shainaitheint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a rialú chun dearbhú réasúnta a thabhairt i dtaca le comhlíonadh leanúnach ghnó na Roinne agus i dtaca lena cuspóirí a bhaint amach.

Tá an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach, socruithe rialachais chorparáidigh agus TF agus córais bainistíochta riosca na Roinne a bheith ann, maidir lena leordhóthanacht agus maidir lena n-éifeachtúlacht. Cuidíonn an tAonad chomh maith leis na bainisteoirí líne trí mheasúnú agus trí thuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe na gcóras rialaithe inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus na socruithe rialachais as a bhfuil siad freagrach agus moltaí a dhéanamh le haghaidh feabhais nuair is gá. Tá freagracht ag an lucht bainistíochta líne chomh maith as na córais rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus rialachais.

Dualgais agus Freagrachtaí an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí

Is í príomhfhreagracht an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí athbhreithniú agus breithmheas criticiúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Tá dearadh agus oibriú na gcóras agus na nósanna imeachta ar fad (airgeadas, bainistíocht srl.) atá beartaithe chun oibríochtaí na Roinne a rialú lena n-áirítear na cinn a úsáideann an lucht bainistíochta chun an méid is atáthar ag éirí le cláir agus oibríochtaí eile a dhéanann an Roinn a thomhas maidir leis na cuspóirí beartais a bhaint amach;
- Leordhóthanacht, iontaofacht agus sláine na faisnéise a sholáthraítear do chinnteoireacht agus do chuntasacht agus an méid a úsáidtear an fhaisnéis sin;
- An méid atá na beartais, nósanna imeachta agus rialuithe bainistiúla mar aon le dlíthe agus rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta á gcomhlíonadh agus;
- Na socruithe le haghaidh sócmhainní a fháil, a chosaint agus a dhiúscairt;
- Barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-oibríochtaí agus na gclár;
- Leordhóthanacht agus oiriúnacht phróisis rialachais na Roinne (lena n-áirítear rialachas TF) agus cur chun cinn an éitis agus luachanna; agus

- Éifeachtúlacht na bainistíochta riosca.

Tá an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí údaraithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta chun clár cuimsitheach iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh i ngach réimse den Roinn. I measc saindualgais eile an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí, d'fhéadfadh dul i mbun iniúchtaí speisialta de réir mar a theastaíonn ón mbainistíocht, a bheith i gceist. I gcur chun feidhme an chláir iniúchta, tugtar údarú don fhoireann iniúcháireachta inmheánaí chun rochtain iomlán, éasca agus gan teorainn a bheith acu ar thaifid, sócmhainní agus pearsanra eile na Roinne. Lena chois sin, tugtar údarú don fhoireann iniúcháireachta inmheánaí chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaíonn uathu chun a ndualgais a fheidhmiú go cuí a iarraidh agus iad a fháil ar mhodh tráthúil.

Neamhspleáchas

Beidh iniúcháirí inmheánacha neamhspleách ó na gníomhaíochtaí ar a ndéanann siad iniúchadh agus ní bheidh freagrachtaí oibriúcháin ar bith acu lasmuigh d'iniúchadh. Mar sin féin, féadfaidh an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí, má mheasann Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí/nó an Coiste Iniúcháireachta go bhfuil sé cuí, nó má iarrann an lucht bainistíochta é, athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á bhforbairt agus comhairle a thabhairt maidir le rialuithe cuí gan dochar a dhéanamh dá cheart iniúchadh a dhéanamh ar chórais dá leithéid ina dhiaidh sin.

Socrúithe Tuairiscithe

Oibreoidh an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí faoi threoir an Oifigigh Chuntasaíochta, a bhfuil rochtain dhíreach aige air, agus oibreoidh an Coiste Iniúcháireachta faoi rialú ginearálta Rúnaí Cúnta an Rannáin um Thacaíocht Chorporáideach agus Ghnó.

Cur Chuige agus Modheolaíocht um Iniúcháireacht

Pleanáil Iniúchtaí

Déanfar pleananna iniúchtaí a dhréachtú ag baint úsáid as próiseas measúnaithe riosca agus beidh comhairliúcháin leis an Lucht Bainistíochta Sinsearaí i ceist leo. Comhaontófar pleananna iniúchtaí leis na Lucht Bainistíochta Sinsearaí, an Oifigeach Cuntasaíochta agus an gCoiste Iniúcháireachta sular gcuirfear chun feidhme iad.

Cur chun feidhme agus tuairisciú

Cuirfidh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí Cinn na nAonad Gnó ar an eolas nuair a dhéantar réimse a fhaomhadh lena chuimsiú sa chlár oibre iniúchóireachta agus uair amháin ar a laghad sa mhí sular gcuirfear tús le hiniúchadh. Bíonn iniúchtaí inmheánacha bunaithe ar chórais de ghnáth agus is éard atá i gceist leo scrúdú a dhéanamh ar chomhaid (leictreonach agus cóipeanna crua araon) agus ar dhoiciméid ábhartha, agallaimh leis na príomhbhaill foirne, tástálacha ar rialuithe agus úsáid ceistneoirí de réir mar is cuí. Pléifear dréacht-tuarascáil den iniúchadh leis an lucht bainistíochta líne chun a cruinneas fíriciúil a dhearbhu agus chun conclúidí agus moltaí le haghaidh feabhsuithe a chomhaontú nuair is féidir. Cuirfear tuarascálacha i gcrích le Ceann an Aonaid Ghnó. Eiseofar tuarascálacha deiridh ansin chuig an Rúnaí Cúnta ábhartha, chuig Ceann an Aonaid Ghnó agus chuig bainisteoirí líne eile agus eiseofar cóipeanna chuig an Ard-Rúnaí agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Eiseofar cóip den tuarascáil deiridh chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i ndiaidh don Choiste Iniúchóireachta í a bhreithniú.

Beart leantach

Mar chuid den chlár oibre iniúchóireachta, iarrfaidh Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí nuashonruithe tréimhsiúla ón lucht bainistíochta maidir le cur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta, chun measúnú a dhéanamh orthu agus torthaí na n-iniúchtaí a chur in iúl don Choiste Iniúchóireachta.

Clár um Dhearbhú Cáilíochta agus um Fheabhas

Forbraíonn agus cothaíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí clár um dhearbhu cáilíochta agus um fheabhas ina gcumhdaítear gach gné de ghníomhaíocht na hiniúchóireachta inmheánaí de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Inmheánaí agus threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Freagrachtaí Bainistíochta

Beidh an phríomhfhreagracht ag an Lucht Bainistíochta as timpeallacht rialaithe chuí agus éifeachtúil a bhunú agus a chothabháil agus as rioscaí a bhainistiú. Beidh an phríomhfhreagracht ag an lucht bainistíochta chomh maith as calaois a chosc agus a bhrath. Déanfaidh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí measúnú ar an bhféidearthacht go dtarlódh calaois agus ar an dóigh a bhfuil an baol calaoise á bhainistiú.

Comhoibreoidh Cinn na nAonad Gnó agus lucht bainistíochta líne eile in éineacht le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí sa phróiseas um pleanáil iniúchtaí trí réimsí

agus gníomhaíochtaí a shainaithint lena mbaineann rioscaí suntasacha airgeadais, oibriúcháin agus gnó eile. Comhoibreoidh an lucht bainistíochta líne chomh maith go hiomlán agus ar mhodh tráthúil le foireann na hIníúcháireachta Inmheánaí le linn shannacháin na n-iniúchtaí aonair. Déanfar freagairtí an lucht bainistíochta do dhréacht-tuarascálacha deiridh laistigh de dheich lá oibre mura gcomhaontaítear a mhalairt le Ceann na hIníúcháireachta Inmheánaí. Déanfaidh an lucht bainistíochta beart pras chomh maith chun na moltaí a ghlacfar a chur i bhfeidhm.

Tá cáirt iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm ag an Roinn ina leagtar amach ról agus freagrachtaí an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí.

Coiste Iniúcháireachta na Roinne

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus na nósanna imeachta rialachais laistigh den Roinn, comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le cúrsaí a bhaineann le rialú inmheánach, bainistíocht riosca, iniúcháireacht inmheánach, an próiseas tuairiscithe airgeadais agus iniúchtaí seachtracha. Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta de réir Cairte ina leagtar amach a ról agus a fhreagrachtaí a d'fhaomh an tOifigeach Cuntasaíochta go foirmiúil.

Tá ról ag an gCoiste Iniúcháireachta maidir le dea-chleachtas chuntasaíochta a chur chun cinn, cinnteoireacht níos fearr agus níos eolasaí a chinntiú agus fócas feabhsaithe ar luach ar airgead ar fud na Roinne. Soláthraíonn an Coiste comhairle oibiachtúil agus moltaí maidir le hobair an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí agus tugann sé tacaíocht dó lena obair a chur i gcrích. Tugann sé comhairle chomh maith don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoibriú agus feidhme na feidhme iniúcháireachta inmheánaí sa Roinn.

Ballraíocht

Cuimsítear sa Choiste Cathaoirleach seachtrach agus ceithre chomhalta eile (beirt díobh a ceapadh go seachtrach). Soláthraíonn Ceann na hIníúcháireachta Inmheánaí agus ball foirne an Aonaid tacaíocht rúnaíochta don Choiste. Is é seo a leanas comhdhéanamh ábhartha na Roinne:

- An tUasal Tom Moran, Cathaoirleach (iar-Ard-Rúnaí. An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara)
- Niamh Larkin, Uasal, (Stiúrthóir na hIníúcháireachta, an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil)

- Fiona Quinn, Uasal (Rúnaí Cúnta, an Rannán Corparáideach agus Tacaíochta Gnó, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil)
- An tUasal Michael Malone (iar-Phríomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara)
- An tUasal Tom Hennessy (Ceann an Aonaid Luachála agus Iniúcháireachta, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála)

(Feidhmíonn an tUasal Gus Murray, Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí, mar Rúnaí an Choiste).

Feidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta

Ról comhairleach atá ag an an gCoiste Iniúcháireachta agus, dá bhrí sin, níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choiste, arna leagan amach sa Chairt:

- Comhairle neamhspleách a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le tuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca, socruithe rialachais chorparáidigh agus TF agus cúrsaí iniúcháireachta go ginearálta;
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gCairt don Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí;
- Dréachtphlean oibre bliantúil na hIniúcháireachta Inmheánaí a athbhreithniú agus a chomhaontú le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí sular gcuirtear faoi bhráid an Oifigigh Chuntasaíochta é;
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bplean lena chinntiú go bhfuil na cuspóirí iniúcháireachta ann á mbaint amach;
- Measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas iniúcháireachta inmheánaí, ag cur san áireamh na torthaí, na moltaí agus freagairtí an lucht bainistíochta maidir leis na hiniúchtaí;
- Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart ceartaitheach comhaontaithe a dhéanann an lucht bainistíochta, ag cur iar-iniúchtaí san áireamh;
- Forbairt an dea-chleachtais a chothú san Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt, cur chun feidhme agus éifeachtúlacht straitéis bainistíochta riosca na Roinne agus comhairle a thabhairt ina leith, ag cur san áireamh cibé treoir a sholáthródh an tOifigeach Cuntasaíochta, nó thar ceann an Oifigigh Chuntasaíochta ó am go chéile;

- Comhairle a thabhairt ar leordhóthanacht na n-acmhainní atá ar fáil don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhcheisteanna a thagann as gníomhaíocht iniúchóireachta Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus cuireadh a thabhairt d'ionadaí (ionadaithe) Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun buaileadh leis an gCoiste uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta, i bhfeidhmiú a dhualgas agus a fhreagrachtaí, tuarascálacha speisialta a iarraidh ó Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí de réir mar is cuí leis. Féadfaidh sé moltaí a dhéanamh chomh maith don Oifigeach Cuntasaíocht maidir le cúrsaí ar bith a bhaineann leis an bhFeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí laistigh den Roinn.

Cruinnithe agus an Struchtúr Tuairiscithe

Sonraítear i gCairt an Choiste Iniúchóireachta, “Go dtiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta le chéile dá rogha féin agus beidh na cruinnithe sin ar siúl nach lú ná ceithre huair in aghaidh gach bliana.”

Féadfar cuireadh a thabhairt do bhainisteoirí agus d'ionadaithe de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun freastal ar chruinnithe ó am go chéile chomh maith. Tá ceart ag Cathaoirleach an Choiste chun rochtana ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus, mar chuid den ról sin, cuireann sé tuarascáil bhliantúil isteach chuig an Oifigeach Cuntasaíochta i dtaca le gníomhaíochtaí an Choiste le linn na bliana roimhe sin. Soláthraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí tacaíocht rúnaíochta d'obair an Choiste.

Ról Aonad Airgeadais na Roinne

Tá ról lárnach ag Rannóg Airgeadais agus Cuntas na Roinne maidir le raon straitéisí a chur chun feidhme a bhaineann leis an Roinn a fhoinsiú agus a bhainistiú. Tá príomhról aige maidir le foinsiú airgeadais na Roinne, trí rannpháirtíocht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le linn idirbheartaíochta ar mheastacháin bhliantúla. Tá an tAonad Airgeadais freagrach as:

- Tuarascálacha airgeadais rialta a chur ar fáil chun tacú le cinnteoireacht a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearaí agus Airí;
- Tuairisciú a dhéanamh gach mí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le caiteachas agus faomhadh riachtanach a fháil, agus nuair is cuí, acmhainní a ath-leithdháileadh ar fud an Vóta; agus

- Ábhar seisiún faisnéise a chomhordú agus a bhailiú chun tacú leis an Ard-Rúnaí agus leis an Aire i dtaca le láithriú os comhair coistí ábhartha den Oireachtas.

Príomhról de chuid Aonad na gCuntas is ea a chinntiú go ndéantar feidhm chuntasaíochta éifeachtach agus éifeachtúil a chothabháil do ghníomhaíochtaí na Roinne d'fhonn na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh agus cuidiú le faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a theastaíonn ón lucht bainistíochta a sholáthar. Tá príomhról aige maidir le rannpháirtíocht na Roinne leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte na Bainistíochta Airgeadais.

Tá Aonad na gCuntas freagrach as:

- Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhm chuntasaíochta lena chinntiú go bhfuil sé cothrom le dáta, go n-oibríonn sé go héifeachtúil chun na cistí poiblí a chosaint, go ndéileálann sé go pras le hidirbhearta agus go soláthraíonn sé faisnéis bhainistíochta cothrom le dáta;
- An Cuntas Leithreasáí bliantúil a ullmhú (agus an cuntas don Chiste Rialtais Áitiúil) agus an t-iniúchadh a éascú a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais;
- Tacú leis an Oracle FMS (Córas Bainistíochta Airgeadais) agus é a fhorbairt;
- Oibleagáidí um chuntasaíocht sócmhainní na Roinne a chomhlíonadh; agus
- Faisnéis maidir le réimsí amhail comhairleachtaí a chomhordú.

Bainistíocht Riosca

Uirlis thábhachtach is ea Bainistíocht Riosca maidir le rialachas corparáideach lena dtacaítear le rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú chun baint amach na dtáirgí a theastaíonn a uasmhéadú. Déantar an timpeallacht riosca fhoriomlán don Roinn a bhainistiú go lárnach trí fhochoiste um riosca na Bhoird Bhainistíochta, agus déanann an Bord Bainistíochta é féin athbhreithnithe rialta ar na rioscaí is suntasaí ar chlár rioscaí foriomlán na Roinne.

In ainneoin ról an Bhoird Bhainistíochta, is faoin lucht bainistíochta líne atá an príomhfhreagracht as bainistíocht riosca, lena n-áirítear rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú, le cuidiú ó chomhaltaí uile na Roinne. Ceanglaítear ar Chinn na nAonad Gnó breathnú ar na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aonaid, agus an Plean Gnó á dhréachtú acu dá réimse don bhliain - airítear ar an bpróiseas sin plé ag cruinnithe na nAonad Gnó, agus comhaontú a fháil ón Rúnaí Cúnta ábhartha.

Soláthar Poiblí

Déanann Aonad um Thacaíocht Straitéiseach agus Ghnó na Roinne maoirseacht ar an soláthar sa Roinn agus cuireann sé an beartas agus na nósanna imeachta soláthair in iúl ar fud na Roinne. Tá doiciméid mhionsonraithe um beartais agus nósanna imeachta inmheánacha agus saineolas um sholáthar ag an Roinn atá ar fáil do bhaill foirne atá ag smaoineamh ar phróiseas soláthair a dhéanamh nó tús a chur le próiseas soláthair.

Tá feidhm ag nósanna imeachta soláthair éagsúla ag brath ar cad atá á sholáthar agus ar luach conartha; mar sin féin, do gach Conradh Chomhairleachta a bheartaítear, beag beann ar a luach, nó do gach soláthar eile a mheastar a bheith os cionn €25,000, teastaíonn foirm Iarratais um Iniúchadh Próisis sula bhfaomhfar Conradh. Tá an fhoirm Iarratais um Iniúchadh Próisis deartha lena chinntiú go gcloíonn gach gníomhaíocht soláthair go hiomlán le treoir agus ceanglais Roinne, náisiúnta agus AE; go sonrath, éilítear sonraí don fhoirm lena n-áirítear:

- Cuspóir agus cineál na seirbhíse nó na n-earraí a gheofar;
- Méid an chonartha, agus dátaí beartaithe na dámhachtana agus dátaí deiridh;
- An bonn le haghaidh dhámhachtain an chonartha (is é sin, an praghas amháin, nó critéir eile um dhámhachtain);
- Sonraí maidir leis an bpróiseas tairisceana a úsáideadh agus dearbhú gur cloíodh le rialacha an AE;
- Sonraí maidir le ceanglais smachtbhannaí ar bith eile a bhaineann leis an soláthar seo agus a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil;
- Sonraí maidir le líon na dtairiscintí a fuarthas;
- Dearbhú gur dréachtaíodh Conradh foirmiúil; agus,
- Ainm an tsealbhóra buiséid ábhartha nó Ceann an Aonaid Ghnó a chur léi.

Tá nósanna imeachta um monatóireacht chomhairleachta i bhfeidhm ag an Roinn fosta, agus ceanglaítear ar na hAonaid Ghnó cloí leo.

Bearta eile um Maoirseacht ar Chaiteachas

Chomh maith leis na bearta, próisis agus córais atá sonraithe áit éigin eile sa Chaibidil seo, déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas chomh maith:

- Anailís leanúnach agus ghníomhach ar an gcaiteachas a bhaineann le cláir na Roinne;

- Samhlacha um sheachadadh seirbhíse a oiriúnú agus a bharrfheabhsú; agus,
- Leanúint le hathbhreithnithe *ex post* caiteachais um luach ar airgead agus measúnuithe beartais fócasaithe a dhéanamh ar chláir na Roinne, chun anailís ar chaiteachais agus ar bheartais a chur ar fáil le bonn eolais a chur faoi bhainistíocht agus faoi bheartais amach anseo.

Creat um Chomhlíonadh

De réir Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuirfidh an Roinn creat um chomhlíonadh i bhfeidhm chun na bearta agus na córais atá sonraithe áit éigin eile sa Chaibidil seo a chomhlánú agus a neartú. Leis an gCreat um Chomhlíonadh soláthrófar forbheathnú ar an ngníomhaíocht dearbhaithe comhlíonta uile sa Roinn, agus aithneofar an duine aonair laistigh den Roinn atá freagrach as gach gníomhaíocht. Beidh sé ann mar Chreat ar leith leis an gCreat Rialachais seo chun díriú ar níos mó sonraí ar fhothacar na gcaighdeán rialachais agus níos mó sonraí a sholáthar faoi nach mór iad a chomhlíonadh le reacht, nó ar bhonn chinntí an Rialtais, nó le tiomantais shuntasacha riaracháin nó sheachtracha. Tá treoir á forbairt ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair maidir le Creataí um Chomhlíonadh a fhorbairt ar fud na seirbhíse poiblí.

An Earnáil Rialtas Áitiúil

Comhpháirt riachtanach de chóras foriomlán láidir an daonlathais ionadaíoch is ea an daonlathas áitiúil. Soláthraíonn an córas rialtais áitiúil ionadaíocht agus maoirseacht dhaonlathach, ceannaireacht pholaitiúil, cuntasacht, seachadadh seirbhíse, rialáil agus feidhmeanna forfheidhmiúcháin ar bhonn áitiúil. Tá na prionsabail agus na cuspóirí cuimsithe san fhís um rialtas áitiúil atá leagtha amach i ráiteas beartais na Roinne maidir le rialtas áitiúil, *Clár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Tús Áite a Thabhairt do na Daoine*²⁰ (Deireadh Fómhair 2012), mar a bheith ina bpríomhuirlis don rialachas agus don tseirbhís phoiblí ar leibhéal áitiúil, ag seachadadh seirbhísí éifeachtacha agus dea-luacha do na daoine, ag feidhmiú raon leathan feidhmeanna cuí, agus ag déanamh ionadaíochta ar son saoránach agus pobal, ar mhodh chomh éifeachtúil agus chomh cuntasach agus is féidir, le feidhmeanna an rialtais ar leibhéal áitiúil á bhfeidhmiú tríd an gcóras rialtais áitiúil a mhéad is féidir.

Déantar foráil i leith staid rialtais áitiúil in airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann, ina bhforáiltear go mbeidh cibé údarás áitiúla dhírthofa ann a chinnfear le dlí agus déanfar a gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna a oibriú agus a chomhlíonadh de réir dlí. Aithnítear sa bhunreacht ról an rialtais áitiúil maidir le leasanna na bpobal áitiúil a chur chun cinn, trína thionscnaimh.

Is é tAcht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú, an phríomhreachtaíocht a bhaineann leis an gcóras rialtais áitiúil, ina ndéantar foráil i leith bhunú, struchtúir, thoghcháin, rialachas, bhainistíocht, nósanna imeachta, agus chreat eiticíúil na n-údarás áitiúil, mar aon le gnéithe dá bhfeidhmeanna agus dá nósanna imeachta airgeadais. Tá cumhachtaí agus freagrachtaí údarás áitiúil i dtaca le réimsí feidhmiúla agus seirbhísí áirithe leagtha amach ar leithligh i raon sainreachtanna. I ndiaidh mórchlár athchóirithe a

²⁰ Tá an Clár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Tús Áite a Thabhairt do na Daoine ar fáil ar líne ag: [Clár Gníomhaíochta](#)

chur i bhfeidhm faoin Acht Rialtais Áitiúil (Leasú) 2014, tá 31 údarás áitiúil sa Stát anois, agus tá an formhór díobh roinnte ansin ina ndúichí bardasacha. Ní hionann iad sin agus údaráis áitiúla ina gceart féin, ach feidhmíonn na comhaltaí tofa do gach dúiche bhardasach feidhmeanna reachtúla sonracha na n-údarás áitiúil i ndáil leis an dúiche faoi leith ar bhonn barúlach.

Cé go bhfuil an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil freagrach as beartas agus reachtaíocht i dtaca leis an gcóras rialtais áitiúil, is eintitis chorparáideacha atá neamhspleách go hiomlán iad údaráis áitiúla ag a bhfuil an fhreagracht iomlán faoin dlí as feidhmíocht a bhfeidhmeanna agus comhlíonadh a bhfreagrachtaí rialachais agus freagrachtaí eile.

Feidhmítear feidhmeanna na n-údarás áitiúil le dhá ghné atá idirghníomhach agus a thacaíonn lena chéile, an chomhairle thofa agus an feidhmeannach, a sainítear a bhfreagrachtaí faoi seach le dlí. Tá príomhchinntí straitéiseacha, beartais agus airgeadais dílsithe sna comhaltaí tofa, agus tá an feidhmeannach freagrach as, faoi réir beartais arna chinneadh ag an gcomhairle, cúrsaí nach gcoimeádtar go sonracha don chomhairle le dlí agus as riarachán ginearálta an údaráis. Sanntar raon cumhachtaí agus freagrachtaí sonracha rialachais (a neartaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Leasú) 2014) do na comhpháirteanna faoi seach.

Cé go bhfuil freagracht ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar leibhéal an rialtais lárnaigh i dtaca leis an gcóras rialtais áitiúil go ginearálta agus as réimsí feidhmiúla nó seirbhíse sainiúla áirithe - pleanáil agus tithíocht, mar shampla - is faoi Ranna ábhartha atá an fhreagracht i dtaca le beartas, maoiniú agus reachtaíocht ar leibhéal náisiúnta i dtaca le líon feidhmeanna údarás áitiúil lena n-áirítear, mar shampla, feidhmeanna maidir le bóithre agus trácht, tacaíocht d'fhiontar, agus céanna agus cuanta áirithe Ceanglaítear i mbeartas an Rialtais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach go mbeidh feidhm ag an bprionsabal seo, ar an dóigh chéanna, maidir le feidhmeanna breise ar bith a shanntar don rialtas áitiúil, agus beidh an fhreagracht ar leibhéal lárnach ag an “máthair”-Roinn nó ag an ngníomhaireacht fós.

An tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil

Is é an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil an tseirbhís reachtúil neamhspleách um iniúcháireacht sheachtrach don rialtas áitiúil. Is é a shainordú reachtúil, arna leagan amach sa Chód Cleachtas Iniúcháireachta don Rialtas Áitiúil, faoi Alt 116 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, mionscrúdú neamhspleách a chur ar fáil maidir le maoirseacht airgeadais na n-údarás áitiúil agus comhlachtaí eile. Is é seo a leanas a ról:

- Iniúchadh a dhéanamh ar chomhlachtaí rialtais áitiúil de réir an Chóid reachtúil Cleachtas Iniúcháireachta, lena gcothaítear dá réir sin na caighdeáin is airde um maoirseacht airgeadais agus um chuntasacht phoiblí;
- Iniúchtaí ar Luach ar Airgead (LAA) a dhéanamh, tuarascálacha a fhoilsiú orthu agus cuidiú leis na húdarás áitiúla dá réir sin luach ar airgead a bhaint amach;
- Tacaíocht a thabhairt d’obair agus tuilleadh forbartha an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) trí staidéir LAA agus tuarascálacha eile a ullmhú ar iarratas ón NOAC ar chúrsaí laistigh de shainordú reachtúil an Choimisiúin;
- Tacaíocht a thabhairt don Roinn níos leithne ina hiarrachtaí dul i ngleic le ceisteanna córasacha a ardaítear in iniúchtaí rialtais áitiúil agus i dtuarascálacha ar Luach ar Airgead, i gcomhthéacs bheartas an Rialtais don rialtas áitiúil “Tús Áite a Thabhairt do na Daoine - Clár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach”; agus,
- Cibé feidhmeanna eile a ordódh an tAire ó am go chéile a dhéanamh.

Agus an t-iniúchadh á dhéanamh ar chuntais údarás áitiúil nó comhlachta eile, déanfaidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil tástálacha iniúchta dá leithéid de réir mar is cuí leis nó léi d’fhonn a bheith sásta maidir le cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais bhliantúla de réir na gceanglas reachtúil agus go léiríonn siad go cóir staid airgeadais an údarás nó comhlachta eile agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse lena mbaineann,

Agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu, ní mór d’iniúcháirí rialtais áitiúil cúrsaí a chur san áireamh a thagann as tuarascálacha iniúchtaí agus litreacha bainistíochta a rinneadh roimhe.

Is é Ceann na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil an Stiúrthóir Iniúcháireachta agus is é an tAire a cheapann é nó í. Post reachtúil is é an post seo agus ordaítear na feidhmeanna in alt 116 (4) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, agus is iad sin -

- (a) acmhainní a eagrú, a threorú agus a leithdháileadh laistigh den tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil;
- (b) iniúchtaí ar údaráis áitiúla faoi leith nó comhlachtaí eile a shannadh d'iniúcháirí rialtais áitiúil faoi leith;
- (c) comhairle agus cúnaimh den sórt sin a sholáthar a theastódh ón Aire ó am go chéile chun críche alt 117 (1) (Lena leasaítear, nuashonraítear an Cód reachtúil Cleachtas Iniúcháireachta);
- (d) a eagrú go ndéanfaidh iniúcháirí éilimh nó tuairisceáin a dheimhniú;
- (e) an tAonad Rialtais Áitiúil (Luach ar Airgead) a threorú arna bhunú le halt 14 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997, agus a chinntiú go ndéantar obair an Aonaid a chorprú isteach i gcleachtas iniúcháireachta rialtais áitiúil;
- (f) tuairisc a thabhairt don Aire ó am go ham maidir le cúrsaí atá leagtha amach i míreanna (a) go (e) agus maidir le feidhmíocht na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil go ginearálta;
- (g) imeachta a thabhairt faoi alt 119(4) (sa chás go bhfuil ceart iniúchóra chun imscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid agus chun faisnéis a fháil a theastaíonn d'iniúchadh á chosc, á bhacadh nó á dhiúltú ag pearsanra údaráis áitiúil ar bith);
- (h) feidhmeanna eile dá leithéid a ordódh an tAire ó am go chéile a dhéanamh.

Lena chois sin, áirítear na feidhmeanna seo a leanas sa phost:

- (i) cur le heolas agus tuiscint níos leithne na Roinne ar airgead údaráis áitiúil, cuntasáocht fabhraithe go ginearálta, rialachas, dúshláin riosca agus dúshláin ghaolmhara, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do scileanna nua a fhoghlaim d'fhoireann na Roinne i gcúrsaí gaolmhara agus ceisteanna a shainiathnítear;
- (j) a bheith páirteach go díreach ar bhonn rialta leis an Roinn maidir le maoirseacht a dhéanamh ar cheisteanna a ardaítear tríd an bpróiseas iniúcháireachta agus freagairt a thabhairt orthu;

- (k) cur le hanailísí ar fud na hearnála trína mbeifear ábalta tagarmharcanna, caighdeáin agus dea-chleachtas a shainnithint sna réimsí iniúchóireachta, riosca, rialachais agus pleanála airgeadais;
- (l) cur le forbairt agus neartú na bpróiseas iniúchóireachta agus na ndea-chleachtas cuntasáiochta lena n-áirítear trí freagairtí struchtúracha, oibriúcháin, beartais agus reachtacha a fhorbairt de réir mar is cuí;
- (m) tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus na gcoistí iniúchóireachta in údarais áitiúla;
- (n) tacaíocht a thabhairt d'obair an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC); agus
- (o) dul i ngleic leis na dúshláin eagraíochta lena n-áirítear tríd an mbunathrú chun feabhais is gá mar fhreagairt d'fhorbairtí earnála amhail athchóiriú ar an rialtas áitiúil agus deireadh a chur le comhairlí baile, teacht chun cinn struchtúir seirbhíse comhroinnte, agus ceanglais tacaíochta an NOAC.

Chomh maith leis an Stiúrthóir, tá 6 Phríomhiniúchóir Rialtais Áitiúil, 17 nIniúchóir Rialtais Áitiúil agus 11 nIniúchóir Cúnta ar fhoireann na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil. Sanntar dúiche iniúchóireachta do gach iniúchóir údarais áitiúil faoi bharántas údarais ón Stiúrthóir Iniúchóireachta. Tá iniúchóirí rialtais áitiúil neamhspleách ón Roinn nuair atá a bhfeidhmeanna gairmiúla á gcomhlíonadh acu.

An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI/NOAC), a bunaíodh in Iúil 2014, a dhéanann maoirseacht ar an earnáil rialtais áitiúil. Tá sainchúram leathan aige a shíneann go dtí feidhm ar bith a dhéanann comhlacht rialtais áitiúil. In 2016, d'fhoilsigh NOAC na Tuarascálacha seo a leanas: Táscairí Feidhmíochta in Údarais Áitiúla 2015; Private Rented Sector Review; Public Spending Code - Local Authority Quality Assurance Report 2015; Local Authority Rates Collection 2013 – 2014; Financial Performance of Local Authorities 2013 – 2015; Local Government Efficiency Review Reforms Report Local Government Shared Services Projects agus Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Chaiteachais Phoiblí – 2014.

Thionscain an Fo-ghrúpa Suirbhé Custaiméirí staidéar ar rannpháirtíocht custaiméirí údarais áitiúil a chríochnófar in 2017. Chuir an Fo-ghrúpa Feidhmíochta Airgeadais freisin tús le hathbhreithniú ar oibriú choistí iniúchóireachta na n-údarais áitiúil agus

críochnófar é in 2017. Rinne an Fo-ghrúpa Tithíochta dul chun cinn ar a athbhreithniú ar bhainistíocht agus ar chothabháil tithíocht na n-údarás áitiúil, agus foilseofar é in 2017; Rinne an Cathaoirleach dornán cur i láthair in 2016 do choistí iniúchóireachta údarás áitiúil maidir le hobair NOAC. Thug na cuir i láthair sin deis faisnéis a roinnt agus thug said deis do NOAC freisin idirghníomhú go díreach leis na coistí maidir lena róil a chomhlíonadh.

Cé gur comhlacht reachtúil é NOAC, níl líon foirne dá chuid féin aige - soláthraíonn an Roinn a rúnaíocht. Lena fheidhmeanna a chomhlíonadh, braitheann an NOAC go mór ar shaineolas a chomhaltaí agus ar chomhoibriú na gníomhaireachtaí ar féidir leo ionchur a dhéanamh ina ghníomhaíochtaí (m.sh. an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus an Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe). Tá an tArd-Rúnaí Cúnta i Rannán Rialtais Áitiúil na Roinne ina chomhalta den NOAC. Foilsítear tuarascálacha a ullmhaíonn an NOAC agus cuirtear chuig príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil iad; breithníonn an Bord Bainistíochta iad chomh maith agus cuirtear san áireamh iad de réir mar is cuí i mbainistíocht na gclár ábhartha a bhaineann leis an Roinn agus údarais áitiúla araon.

An Ciste Rialtas Áitiúil

Bunaíodh an Ciste Rialtas Áitiúil leis an Acht Rialtais Áitiúil 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999. Tá na fáiltais ó mhótarcháin agus ón muirear teaghlaigh a bailíodh go 30 Meitheamh 2013 íoctha isteach sa Chiste; íocann an tAire Airgeadais méid coibhéiseach leis an gCáin Mhaoine Áitiúil a íoctar isteach sa Chiste Lárnach le linn na bliana de réir Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 a íoc isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil. Tá sonraí maidir le ioncam agus caiteachas an Chiste Rialtas Áitiúil 2016 ioncam ar fáil i gCaibidil a hAon.

6

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Oibríonn an Roinn le líonra Gníomhaireachtaí gaolmhara, agus comhlachtaí poiblí eile chun cuspóirí na Roinne a sheachadadh.²¹ ²²Tá na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne éagsúil de réir méide agus feidhme, agus freagrachtaí rialála, forfheidhmiúcháin, soláthair fhaisnéise, agus achomhairc acu.

Sa chaibidil seo soláthraítear achoimre ar na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus soláthraítear forbhreathnú inti ar an gcur chuige atá curtha i bhfeidhm i rialachas agus maoirseacht sheachtrach na gcomhlachtaí sin.

Ní mór do gach Comhlacht Stáit, lena n-áirítear gníomhaireachtaí atá faoi fhreagracht na Roinne, freastal ar leasanna an cháiníocóra, féachaint do luach ar airgead a bhaint amach ina ndíchill agus feidhmiú go trédhearcach mar chomhlachtaí poiblí. Tá Cód Cleachtas i bhfeidhm don dea-chleachtas i rialachas corparáideach ag comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála araon; tá sé de fhreagracht ar gach comhlacht Stáit an Cód a chur i bhfeidhm.²³

Déantar an caidreamh idir na Ranna Rialtais agus na comhlachtaí faoina gcoimirce a dhearbhú go príomha trí:

- An reachtaíocht lena gcuirtear bonn taca faoi bhunú an chomhlachta; agus
- Na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

²¹ Lena chois sin, tá roinnt comhlachtaí eile, is é sin an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (ar a bhfuil cur síos déanta i gCaibidil a Cúig), an Bord um Réiteach Piríteach agus an Coiste Náisiúnta Comhairleach um Chóiríocht do Thaistealaithe, comhcheangailte leis an Roinn ach ní bhreathnaítear orthu mar “chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne”. Féach Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina soláthraítear critéir a chuidíonn le comhlacht faoi choimirce a shainiú.

²² Chomh maith leis an earnáil rialtais áitiúil, atá ina hábhar i gCaibidil a Cúig.

²³ Tá an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ar fáil ar líne ag:

<http://www.per.gov.ie/en/revised-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/>

In ainneoin ról na Roinne maidir le rialachas corparáideach éifeachtúil comhlachtaí faoina coimirce a chinntiú, agus tacaíocht a thabhairt go ginearálta do na comhlachtaí lena n-oibríochtaí, ní mór don Roinn urramú a thabhairt do staid na gcomhlachtaí ag a bhfuil feidhmeanna rialála nó achomhairc neamhspleácha, agus freagrachtaí rialachais chorparáidigh Bhoird/fheidhmeannaigh na gcomhlachtaí aonair.

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Is iad seo a leanas na comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne:²⁴

An Bord Pleanála: Bunaithe i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) 1976. Baineann a phríomhfhreagrachtaí le hachomhairc phleanála, measúnú a dhéanamh ar thograí um fhorbairt bonneagair áirithe, éadáil éigeantach talún agus cúrsaí áirithe eile faoin Acht um Pleanáil agus faoin Acht um Rialú Foirgníochta. Ghlac an Bord feidhmeanna suntasacha breise eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006, ina ndéanfar foráil i leith próiseas pleanála cuíchóirithe le haghaidh tionscadail bonneagair straitéisí áirithe. Is é Rannán Bonneagair Straitéisí an Bhoird an t-aon údarás toilithe pleanála anois do bheagnach formhór na mórforbartha bonneagair uile ar thalamh.

Ervia: Cuideachta leathstáit is ea Ervia, ar a dtugtaí Bord Gáis Éireann roimhe seo, ag a bhfuil an fhreagracht as bonneagar agus seirbhísí gáis agus uisce a sholáthar in Éirinn. Tá roinnt fochuideachtaí ag Grúpa Ervia lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Rinneadh foráil sna Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 i leith Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta de chuid Ervia. Rinneadh foráil san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 i leith na feidhmeanna seirbhísí uisce phoiblí a aistriú ó 34 údarás seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann, a ndearnadh an t-údarás seirbhísí uisce náisiúnta de ón 1 Eanáir 2014.

An 24 Samhain 2015, ceapadh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, (an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil anois) ina Aire a mbeadh tromlach na scaireanna in Ervia aige. Agus é ina Aire a bhfuil tromlach na scaireanna aige, tá ról tábhachtach cinnteoireachta ag an Aire i dtaca le hiarratais ar thoiliú a dhéanann Ervia, Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann ar fhaomhadh cúrsaí amhail caiteachas caipitil nó iasachtaíocht, socruithe a leagan amach le haghaidh rannpháirtíochta le Ervia agus a fhochuideachtaí, agus a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le

²⁴ Meastar go mbunófar Oifig an Rialtóra Pleanála freisin.

Rialachas Comhlachtaí Stáit á gcur i bhfeidhm.²⁵ Tá Bord neamhfheidhmiúcháin ar leibhéal ghrúpa Ervia a bhfuil an cúram acu as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Ghrúpa ina iomláine, agus tá dhá Bord feidhmiúcháin amháin i bhfeidhm aige ar leibhéal Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann.

An Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe: Cuideachta faoi theorainn scaireanna is ea an Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt. a ionchorpraíodh i 1982, faoi théarmaí an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, arna leasú. Is iad a feidhmeanna cistí a chur ar aghaidh chuig údaráis áitiúla lena n-úsáid acu chun críocha ar bith atá údaraithe faoi na hAchtanna Tithíochta agus chun cistí a fháil ar iasacht nó a thiomsú chun na críocha sin. Faoi Alt 17 den Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002, tá an chumhacht ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe iasacht a thabhairt go díreach do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ina gcuimsítear comhlachtaí deonacha tithíochta agus comharchumainn tithíochta agus faoi alt 58 den Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 chun cistí a chur ar aghaidh chuig an nGníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, lena n-úsáid chun a feidhmeanna a fheidhmiú. Tugann an Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe iasachtaí do na húdaráis áitiúla chomh maith i leith tionscadail dramhaíola agus caipitil, amhail saoráid infheistíochta gearrthearma agus comhairle maidir leis an státchiste.

An Gníomhaireacht Tithíochta: Is é príomhghníomhaíocht na Gníomhaireachta Tithíochta cuidiú le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn maidir le beartais a chur chun feidhme agus seirbhísí rialála den sórt sin agus seirbhísí eile a dhéanamh de réir mar a iarrfaidh an Roinn. Áirítear air sin seirbhísí a sholáthar chun tacú leis an tithíocht shóisialta a sheachadadh agus a bhainistiú. Déanann an Gníomhaireacht tionscadail agus measúnachtaí sonracha chomh maith, déanann sí staidéir ar chúrsaí tithíochta agus cuireann sí comhairle ar bheartais ar fáil. Rinneadh an Gníomhaireacht a bhunú go foirmiúil an 1 Lúnasa 2012, ach oibríodh í ar bhonn riaracháin ó lár 2010 i ndiaidh cinneadh Rialtais an Chomhpháirtíochta Tithíochta In-Acmhainne, an tlonad um Thaighde Tithíochta agus an Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta a chuíchóiriú.

An Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil: Bunaithe in 2012 faoin Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012, arna leasú, is é ról na Gníomhaireachta a bheith ina hionad barr fheabhais maidir le seirbhísí bainistíochta, acmhainní daonna agus tacaíocht agus comhairle caidrimh thionsclaíoch a chur ar fáil d'údaráis áitiúla in Éirinn.

²⁵ Is é an tAire Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil atá freagrach i gcónaí as an mbeartas um líonraí gáis agus as ról agus cumhachtaí um cheapadh beartas i dtaca leis an earnáil fuinnimh agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat rialála fuinnimh.

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe: Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) mar chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird córas náisiúnta um chlárú tionóntachta a oibriú agus díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach maidir leis an tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach. Tá an Bord curtha in ionad na gcúirteanna do fhormhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí. De réir an Achta, tá feidhmeanna ag an mBord chomh maith i ndáil le taighde ar thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach agus faisnéis a sholáthar don Aire maidir le cúrsaí a bhaineann leis an earnáil. Déantar foráil san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2015 i leith shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a shíneadh go dtí earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Tosaíodh na forálacha ábhartha an 7 Aibreán 2016 agus ag aithint nach mbaineann an creat dlíthiúil le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach amháin a thuilleadh, rinneadh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a athainmniú mar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach faisnéis i bhformáid achomair maidir leis na comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne.

Tábla 5.1: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Comhlacht	Duine Cuntasach Ceann Oifige)	PO sa RTPRÁ a idirchaidríonn leis an gcomhlacht	Príomh- - fheidhmeanna Aireachta & Roinne ²⁶	Reachtaíocht Rialaithe ²⁷
An Bord Pleanála	An Dr Mary Kelly	An tUasal Terry Sheridan	Ceapachán an Bhoird ²⁸ Creat Reachtach & Treoir Beartas	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe	An tUasal Barry O'Leary	An tUasal David Smith	Ceapachán an Bhoird Faomhadh Meabhráin & Airteagail Chomhlachais Toiliú Iasachtaí Creat Reachtach & Treoir Beartais	An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981
An Ghníomhaireacht um Thithíocht & Pobail Inbhuanaithe	An tUasal John O'Connor	An tUasal David Smith	Ceapachán an Bhoird Creat Reachtach & Treoir Beartas	An tOrdú fán an nGníomhaireacht um Thithíocht & Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012
Ervia	An tUasal Seán Casey ²⁹	Shirley Groarke, Uasal	Ceapachán an Bhoird Creat Reachtach & Treoir Beartas (Uisce Éireann)	Bunaíodh Ervia faoin Acht Gáis 1976. Bunaíodh Uisce Éireann faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2013
Uisce Éireann	An tUasal Seán Casey	Shirley Groarke, Uasal		An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2013
Lionraí Gáis Éireann	An tUasal Seán Casey ³⁰	Shirley Groarke, Uasal		An tAcht um Rialáil Gáis, 2013
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	An tUasal Paul C. Dunne ³⁰	An tUasal Paul J Dunne	Ceapachán an Bhoird (comhaltaí áirithe) Creat Reachtach & Treoir Beartas	Na hOrduithe um an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 & 2013
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe	Rosalind Carroll, Uasal	An tUasal Earnán Ó Cléirigh	Ceapachán an Bhoird Ceapacháin sa Choiste Réitigh Díospóidí Creat Reachtach & Treoir Beartas An	An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004

²⁶ Chomh maith le maoirseacht ar rialachas corparáideach, bíonn ról go minic ag an Roinn, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le toiliú a thabhairt i leith acmhainní foirne.

²⁷ Arna leasú.

²⁸ Tabhair faoi deara sa tábla seo, nach hionann “Ceapachán an Bhoird” i gcónaí agus údarás iomlán chun Bord a cheapadh; go minic bíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bainteach sa phróiseas ceapacháin nó comhlachtaí eile amhail an Rialtas nó comhlachtaí ainmniúcháin.

²⁹ POF Gníomhach. Tosóidh Mike Quinn, an POF nua, sa phost an 31 Deireadh Fómhair 2017.

³⁰ Mr Paul Dunne, Chief Executive LGMA, is not the same Paul Dunne who is Principal Officer with responsibility for Local Government HR & Services in the Department of Housing, Planning and Local Government

Tá na foinsí maoiniúcháin do na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne éagsúil ó chomhlacht go comhlacht. Go ginearálta, tá na comhlachtaí maoinithe as an Státchiste; i roinnt cásanna bíonn cistí an Státchiste forlíonta ag ioncam ó sheirbhísí a chur ar fáil do thríú páirtithe.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Clár Rioscaí i bhfeidhm ag gach Comhlacht atá faoi Choimirce na Roinne agus tá siad ar fad faoi réir iniúchadh seachtrach neamhspleách, a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bhformhór na gcásanna.

Socruithe Ginearálta Idirchaidrimh agus Maoirseachta

Ról na nAonad Gnó

Is iad na Rannáin Líne na príomhphointí teagmhála idir an Roinn agus na Comhlachtaí atá faoina gcoimirce, agus an ról agus an fhreagracht túslíne, ó thaobh na Roinne de acu, as rialachas corparáideach éifeachtúil na gcomhlachtaí sin a chinntiú. Laistigh de Rannán Líne, tá na feidhmeanna maoirseachta agus idirchaidrimh seo a leanas ag an aonad gnó ábhartha:

- Idirchaidreamh agus cumarsáid rialta maidir le cúrsaí acmhainní agus oibriúcháin; Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas, ar fheidhmíocht agus ar chomhlíonadh spriocanna Comhaontuithe³¹ Seirbhíse;
- Dul i gcomhairle leis an gcomhlacht maidir le forbairtí beartais agus/nó reachtacha; agus,
- Maoirseacht a dhéanamh ar cur chun feidhme an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ag na comhlachtaí Stáit.

Bíonn an t-aonad gnó cuí sa Roinn páirteach le gach ceann de na comhlachtaí faoina coimirce ar bhonn bliantúil chun comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le Comhlachtaí Stáit a chinntiú. Tá cóip den doiciméad cúnaimh um chomhlíonadh ceangailte mar Iarscríbhinn. Ceanglaítear ar an aonad gnó cuí chomh maith a dheimhniú go gcloíonn an comhlacht le raon leathan cúrsaí eile a thagann taobh amuigh den Chód Cleachtais, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil an méid seo a leanas déanta ag an gcomhlacht.

³¹ Nó sásra comhchosúil.

- Clár Réadmhaoine Oifig na nOibreacha Poiblí tugtha cothrom le dáta chun teacht le hathruithe ar bith;
- Cloíodh leis an gCód Caiteachais Phoiblí;
- Nósanna imeachta agus beartais i bhfeidhm chun freastal ar nochtadh cosanta;
- Nósanna imeachta i bhfeidhm chun ceanglais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 a éascú; agus,
- Prótacail um shlándáil sonraí deimhnithe i bhfeidhm agus athbhreithniú déanta ar na prótacail sin uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Soláthraítear doiciméad cónasctha ina leagtar amach an Cód Cleachtais um chomhlíonadh, oibleagáid go hoibleagáid, na gcomhlachtaí uile atá faoi choimirce na Roinne do Bhord Bainistíochta na Roinne gach bliain. Tríd an doiciméad cónasctha a ullmhú cuidítear le dearbhú rialtais a sholáthar maidir le cá háit a bhfuil na freagrachtaí ar fud na Roinne agus na gcomhaltaí faoina gcoimirce.

Tuairisciú don Rialtas/Oireachtas

Nuair a fhaightear athbhreithniú ar na tuarascálacha bliantúla agus na ráitis airgeadais arna n-ullmhú ag comhlacht nó do chomhlacht faoina coimirce, déantar scrúdú inmheánach orthu agus cuirtear faoi bhráid an Rialtais agus faoi bhráid an Oireachtais iad de réir mar is gá.

Ceanglaítear ar Chathaoirleach agus/nó Príomhfheidhmeannach na gComhlachtaí agus na nGníomhaireachtaí Stáit iarratas ar bith i scríbhinn a ghlacadh ó Choiste arna bhunú ag an Oireachtas chun teacht ina láthair le cuntas a thabhairt maidir le riarachán ginearálta an chomhlachta lena mbaineann.

Comhaontuithe Seirbhíse agus Sásraí Gaolmhara

Tá Comhaontuithe Seirbhíse agus ionstraimí comhchosúla ina ngné thábhachtach de chur chuige na Roinne maidir le rialachas corparáideach éifeachtúil laistigh de na comhlachtaí faoina coimirce a chinntiú. I mbeagnach gach cás tá Comhaontú Seirbhíse nó sásra comhchosúil idir an Roinn agus an comhlacht i bhfeidhm, nó tá siad á bhforbairt.³² Tá sé tábhachtach go dtaiheadann an Roinn agus an comhlacht ábhartha

³² Maidir le Ervia, tá ionchais an Rialtais leagtha amach i litir chuig Bord Ervia ina léirítear a dhearcthaí féin agus dearcthaí na nAirí Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Airgeadais, agus Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna agus i ndiaidh comhairliúcháin le NewERA. Táthar ag súil go ndéanfar litir ionchais na scairshealbhóirí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil. Tá comhaontú um sheachadadh feidhmíochta idir an Roinn agus Ervia á fhorbairt chomh maith, ina gcumseofar bearta um sheachadadh feidhmíochta arna leagan amach sna pleananna corparáideacha, gnó agus straitéiseacha chomh maith leis na ról, na freagrachtaí agus an caidreamh idir na páirtithe leasmhara ábhartha a shoiléiriú.

na príomhghnéithe dá gcaidreamh agus dá n-ionchais, cibé acu trí Chomhaontú Seirbhíse, Ráiteas um Ionchais Scairsealbhóirí nó sásra eile dá leithéid.

Cloítear sna Comhaontuithe Seirbhísí a dtéann an Roinn agus na comhlachtaí faoina coimirce isteach iontu le teimpléad coitianta, áirítear iontu spriocanna feidhmíochta don chomhlacht ábhartha agus sainítear iontu na hoibleagáidí um thuairisciú maidir le feidhmíocht, caiteachas agus cúrsaí ábhartha eile, nach mór don chomhlacht a chur ar fáil don Roinn.

An tÁbhar i gComhaontú Seirbhíse

Sampla is ea an Comhaontú Seirbhíse a rinneadh idir an Roinn agus An Bord Pleanála de na cúrsaí a phléitear i gComhaontuithe den sórt sin. Is é is cuspóir leis an gComhaontú, róil, freagrachtaí agus línte cuntasachta na Roinne agus an Bhoird Phleanála a shainiú, agus a áirithiú dá réir go bhfuil a fheidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh ag an mBord Pleanála ar mhodh éifeachtach agus éifeachtúil, i gcomhréir le hacmhainní leithdháilte. Cumhdaítear an méid seo a leanas sa Chomhaontú:

- Comhluachanna agus róil agus freagrachtaí an dá eagraíocht faoi seach;
- Tiomantais maidir le feidhmíocht an Bhoird Phleanála i dtaca le tráthúlacht na cinnteoireachta i gcásobair phleanála, feidhmíocht airgeadais, agus i dtaca le cúrsaí corparáideacha ar nós bainistíocht riosca agus seachadadh digiteach seirbhísí poiblí;
- Socruithe tuairiscithe rialta maidir le feidhmíocht; agus,
- Socruithe cumarsáide agus idirchaidrimh idir an Roinn agus An Bord Pleanála.

Sonraítear sa Chomhaontú chomh maith go leanfaidh An Bord Pleanála dá áirithiú go gcloítear go hiomlán le ceanglais infheidhme an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus go ndéanfaidh sé a leibhéal comhlíonta leis an gCód a mheasúnú agus a thuairisciú ar bhonn bliantúil.

Tá an Comhaontú comhtháite go hiomlán leis an timthriall pleanála straitéisí, pleanáil lucht oibre, pleananna oibre bliantúla agus leithdháiltí airgeadais. Síníonn Príomhoifigeach an Bhoird Phleanála agus Príomhoifigeach na Roinne atá freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBord Pleanála an Comhaontú agus déantar é a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

Ceapacháin ar Bhoird Stáit

Tá socrú maidir le ceapacháin ar Bhoird Stáit (tráchtála agus neamhtráchtála) leagtha amach i dTreoirlínte 2014 maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit.³³ De réir na dTreoirlínte, fógraítear na folúntais uile, faoi réir ionchas teoranta agus sainiúil, go hoscailte ar thairseach na mBord Stáit³⁴ á oibriú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Déantar iarratais a phróiseáil ansin trí bhíthin córas measúnaithe trédhearcach a dhearann agus a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i bhfeidhm chun tacú leis an Aire ceapacháin a dhéanamh sna Boird Stáit faoina shainchúram nó faoina sainchúram. Comhlíonann ceapacháin le critéir shonracha agus mhionsonraithe a chinntear i gcomhar le páirtithe leasmhara, amhail Cathaoirleach reatha an Bhoird Stáit lena mbaineann agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, de réir mar is gá d'fheidhmíocht éifeachtúil an róil ábhartha. Lena chois sin, ceanglaítear ar Chathaoirligh ainmnithe na gcomhaltaí teacht i láthair an Choiste Oireachtais ábhartha, sular ndearbhaítear a gceapachán.

Déanann Aonaid Ghnó idirchaidreamh díreach le gníomhaireachtaí maidir le cúrsaí a bhaineann le luach saothair an Príomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin agus conarthaí lena chinntiú go gcuirtear beartas an Rialtais sna réimsí sin i bhfeidhm.

³³ Ar fáil ar líne ar: www.stateboards.ie

³⁴ Is é sin, ar líne ar: www.stateboards.ie

Iarscríbhinn - Doiciméad Cúnta um Chomhlíonadh

Cód Cleachtais NCSSA maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

NB: Tá an doiciméad beartaithe mar threoír chun cuidiú le rannáin líne/gníomhaireachtaí comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Ní sé beartaithe é a chur in ionad an Chóid agus ba chóir é a léamh i gcomhar leis an gCód.

Cuspóir foriomlán: Soláthraítear creat sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit chun dea-chleachtas sa rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm ag comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála araon. Ceanglaítear ar chomhlachtaí Stáit agus ar a bhfochuideachtaí a dhearbhú don Aire ábhartha go gcloíonn siad le ceanglais nuashonraithe an Chóid ina gcleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais.

Lena chois sin, tá roinnt réimsí tábhachtacha ann nach bhfuil cumhdaithe faoin gcód. Chuireamar iad sin san áireamh mar chúrsaí neamhchóid sa chuid dheireanach den doiciméad don bhliain reatha.

Tá roinnt nótaí maidir le cur i gcrích an tseicliosta a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun roinnt gnéithe den chleachtas i mblianta roimhe seo a shoiléiriú, curtha san áireamh ag deireadh an tseicliosta.

Deimhniú go bhfuil an Comhlacht Stáit agus na fochuideachtaí ag cloí leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit:

Comhlacht Stáit:

Bliain um chomhlíonadh: 2015

Arna fhaomhadh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Príomhoifigeach):

Dáta:

Tagairt an Chóid	Achoimre ar an oibleagáid	Tá/Níl/Ní bhaineann.	Trácht Sonrach (más gá)
2	An Bord		
2.1	Sceideal foirmiúil na gcúrsaí atá coimeáda do a d'fhaomh an tAire.		
2.3	Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile		
2.4	Deimhniú go bhfuil córas rialaithe airgeadais i bhfeidhm ag Comhlacht Stáit		
2.6	Prótacail maidir le héirí as/scor, fostaíocht srl. stiúrthóirí.		
2	Cuntais agus Tuarascálacha Bliantúla.		
2.8	Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla a cuireadh faoi bhráid an Aire		
2.10	Nósanna imeachta um Iniúchóireachta Inmheánach agus téarmaí tagartha i bhfeidhm.		
2.11	Nós imeachta um nochtadh rúnda i bhfeidhm.		
2.12 – 2.15	Straitéis/ pleananna straitéiseacha i bhfeidhm agus curtha in iúl don Aire/Roinn.		
2/3.	Stiúrthóirí		
2.16	Deighilt ról an Chathaoirligh agus an POF (faomhadh iarrtha ón Aire seachas sin).		
2.17	Comhdhéanamh an Bhoird athbhreithnithe ar bhonn tréimhsiúil agus measúnú déanta ar thréithe.		
3.5	Dualgas na stiúrthóirí neamhchomhlíonadh a thabhairt chun suntais agus oibleagáid na gCathaoirleach comhairle a thabhairt don Aire.		
3.8	Ba cheart tinreamh na gcomhaltaí boird a chur sa Tuarascáil Bhliantúil.		
4	Seisiún faisnéise do Stiúrthóirí úra		
4.1	Ba cheart seisiún faisnéise cuí a chur ar fáil do na Stiúrthóirí úra		
5	Cóid Iompair do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe		
5.1	Ba cheart <u>Cóid Iompair Ghnó</u> i scríbhinn a bheith ar fáil do stiúrthóirí agus d'fhostaithe agus ba cheart dóibh a bheith ar fáil ar iarratas go leictreonach agus ar mheáin chrua.		
5.6	Ba cheart d'fhostaithe agus do stiúrthóirí ábhartha cloí leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus leis Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001.		
6	Nochtadh Leasanna ag Stiúrthóirí		
6	Ní mór do na stiúrthóirí go léir cloí le comhlíonadh chodanna (i) go (xiv).		
7	Luach saothair an Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Táillí na Stiúrthóirí		
7.1	Beartas an Rialtais maidir leis an bPríomhfheidhmeanna/SB a chur chun feidhme. Socruithe i bhfeidhm chun luach saothair a chinneadh agus a fhaomhadh		

7.5	Comhlíonadh treoirlínte maidir le ceapacháin POFanna agus Comhlachtaí Stáit Tráchtála a chinntiú.		
7.6	Táillí le Comhaltaí an Bhoird Comhlíonadh chodanna (i) - (ix)		
7.7	Tá an Cathaoirleach le deimhniú don Aire go bhfuiltear ag cloí leis na treoirlínte.		
8	Bainistíocht Riosca		
8.1 – 8.2	A chinntiú go bhfuil Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm, go ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil air, agus go gcloítear leis.		
10	Coiste Iniúcháireachta		
10.1	Athbhreithniú bliantúil ar chóras na rialuthe inmheánacha curtha i gcrích.		
10.2/10.3	Feidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí comhdhéanta go cuí i bhfeidhm.		
11	Maoirseacht na Roinne		
11.1 – 11.2	Creat Feidhmíochta i bhfeidhm		
11.3	Ráiteas Aschur Bliantúil déanta ar aon dul leis an gCreat Feidhmíochta		
11.4	Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm.		
12	Tuarascálacha agus Cuntais Comhlachtaí Stáit		
12.1	<p>i) ba cheart do gach comhlacht Stáit tráchtála cuntais neamh-iniúchta eastramhacha don chéad leath den bhliain sin a thabhairt don Roinn ábhartha agus don Roinn Airgeadais, nach déanaí ná an t-ochtú mí den bhliain airgeadais</p> <p>ii) ba cheart dréachtchuntais neamh-iniúchta bhliantúla maidir le gach comhlacht Stáit a thabhairt dá Roinn ábhartha agus don Roinn Airgeadais, nach déanaí ná dhá mhí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais</p> <p>iii) ba cheart do gach comhlacht Stáit tráchtála a thuarascáil bhliantúil agus a chuntais bhliantúla a fhoilsiú (nó sa chás nach dteastaíonn iad a fhoilsiú, a chur isteach chuig an Rialtas) nach déanaí ná ceithre mhí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais ábhartha. I gcás comhlachtaí Stáit neamhthráchtála, ba cheart é sin a dhéanamh nach déanaí ná mí amháin i ndiaidh chur i gcrích iniúchadh cuntas an chomhlachta sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus sí mhí ó dheireadh bhliain airgeadais an chomhlachta sin (cibé acu is luaithe)</p> <p>iv) ar mhaithe le trédhearcacht agus dea-rialachas, ba cheart do Chomhlachtaí Stáit sonraí maidir leis na táillí a íoctar le gach duine dá stiúrthóirí, na costais a íoctar leis an mBord, miondealaithe de réir catagóire, agus</p>		

	tuarastal an Phríomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin a fhoilsiú ina dtuarascálacha.		
12.2	Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais, athbhreithnithe ag iniúcháirí seachtracha, le cur sa Tuarascáil Bhliantúil.		
12.3	Síneadh ar an spriocdháta chun na cuntais atá iarrtha ag an Aire a thabhairt chun críche.		
12.4	Tuarascálacha Bliantúla foilsithe ar líne.		
13.1	Ceanglais Tuairiscithe Bhreise		
13.1	<p>Ní mór do Chathaoirleach gach comhlachta Stáit tuarascáil chuimsitheach ina gcumhdaítear an Grúpa a thabhairt don Aire ábhartha i gcomhar le tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla an chomhlachta</p> <p>i) ina ndéantar breac-chuntas ar gach forbairt shuntasach tráchtála a bhain leis an gcomhlacht an bhliain roimhe sin, lena n-áirítear bunú fochuideachtaí nó comhfhiontar agus éadálacha scaireanna, agus mórcheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa ghearrthearma go dtí an meántearma;</p> <p>ii) ina ndeimhnítear go bhfuil gach nós imeachta maidir le tuairisciú airgeadais, iniúcháireacht inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairtí sócmhainní á gcur i gcrích;</p> <p>iii) lena n-áirítear ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a bheith san fhormáid atá leagtha amach in Aguisín V agus lena n-áirítear, i gcásanna inar aithníodh sárú ar an gcóras, breac-chuntas ar na bearta a dhéanamh ionas nach dtarlóidh sárú dá leithéid amach anseo;</p> <p>iv) ina ndeimhnítear go bhfuil Cóid Iompair Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe curtha i bhfeidhm agus gur cloíodh leo;</p> <p>v) ina ndeimhnítear go bhfuiltear ag cloí le beartas Rialtais maidir le pá na bPríomhoifigeach agus gach fostaí comhlacht Stáit (féach Cuid 7);</p> <p>vi) ina ndeimhnítear go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le híocaíocht tháillí na Stiúrthóirí;</p> <p>vii) ina mínítear cliseadh maidir le ceann ar bith den mhéid thuas agus ina sonraítear beart ceartaitheach ar bith a rinneadh nó a bhfuil machnamh á dhéanamh air;</p>		

	<p>viii) ina ndéantar breac-chuntas ar imeachtaí i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe;</p> <p>ix) ina ndearbhaítear go bhfuiltear ag cloí leis na Treoirlínte Réime um Bainistíocht Oibreacha Caipitil don Earnáil Phoiblí;</p> <p>x) ina ndeimhnítear go bhfuiltear ag cloí le ceanglais um beartas taistil na Roinne ar gach slí</p> <p>xi) ina ndearbhaítear gur glacadh an Cód Cleachtais seo agus an méid a bhfuiltear ag cloí leis faoi réir fhaomhadh an Bhoird.</p>		
13.2	Tuarascáil eatramhach don Aire maidir le forbairtí atá íogair ón taobh tráchtála de.		
14	Éagsúlacht, Bunú Fochuideachtaí agus Éadálacha ag Comhlachtaí Stáit		
14.1 – 14.7	Tugadh faomhadh an Aire maidir le héagsúlacht, bunú fochuideachtaí, rannpháirtíocht i gcomhfhiontair, éadálacha agus ráthaíochtaí stáit		
15	Nósanna Imeachta um Sholáthar		
15.1 – 15.7	Táthar go cloí le nósanna imeachta um sholáthar.		
16	Breithmheas ar Infheistíocht Chaipitil		
16.1 – 16.2	Ba cheart do Chathaoirleach gach comhlachta Stáit a dheimhniú go bhfuiltear ag cloí lena thuarascáil bhliantúil/tuarascáil bhliantúil agus leis na Treoirlínte Réime um Bainistíocht Oibreacha Caipitil		
18	Diúscairt Sócmhainní Stáit agus Rochtain ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe		
18.1 – 18.4	Cloíodh le ceanta/tairiscint iomaíoch a úsáid do dhiúscairtí > €150,000.		
18.5	Cloíodh leis an bprótacal do dhiúscairt sócmhainní do stiúrthóirí agus dá dteaghlaigh nó daoine bainteacha.		
18.6 – 18.8	Cloíodh le tuairisciú an phrótacail diúscairtí.		
19	Comhlíonadh Cánach		
19.1 – 19.3	Tuarascáil maidir le comhlíonadh dlíthe cánach curtha ar fáil don Roinn.		
20	Díospóidí Dlí Maidir le Comhlachtaí Stáit Eile		
20.1 – 20.2	Cuireadh díospóidí dlí le comhlachtaí Stáit eile ar aghaidh chuig idirghabháil agus cuireadh in iúl don Roinn Airgeadais iad.		
	Ceisteanna neamhchóid.		
Aguisín 1	A dhearbhu go bhfuil clár Réadmhaoine Oifig na nOibreacha Poiblí cothrom le dáta le teacht le hathruithe ar bith.		
Aguisín 2	A dhearbhu gur cloíodh leis an gCód Caiteachais Phoiblí.		

Aguisín 3	An Cathaoirleach ainmnithe curtha in iúl don Chomhchoiste Oireachtais		
Aguisín 4	Reachtaíocht atá ag teacht curtha ar aghaidh chuig an gComhchoiste Oireachtais le haghaidh mionscrúdú réamhrechtach.		
Aguisín 5	Cloíodh le nósanna imeachta um cheapacháin i mBoird Stáit.		
Aguisín 6	Athruithe ar Bhoird Stáit curtha in iúl do LGHR lena n-aistriú chuig StateBoards.ie		
Aguisín 7	Inscne chothrom ar chuótaí Boird Stáit pléite maidir le ceapacháin a dhéanamh.		
Aguisín 8	Nósanna imeachta agus beartais i bhfeidhm chun freastal ar nochtadh cosanta.		
Aguisín 9	Nósanna imeachta i bhfeidhm chun ceanglais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 a éascú.		
Aguisín 10	Prótacail um shlándáil sonraí deimhnithe i bhfeidhm agus athbhreithniú déanta orthu uair amháin sa bhliain ar a laghad.		

Nótaí maidir leis an seicliosta a chur i gcrích.

- Ba cheart do na rannáin líne an seicliosta a chomhlánú agus níor cheart é, faoi chúinsí ar bith, a aistriú chuig an ngníomhaireacht/comhlacht lena chomhlánú.
- Ní mór don Phríomhoifigeach a ainm a chur leis an seicliosta agus ba cheart dó/di an doiciméad a athbhreithniú go géar.
- Ní mór gach ítim ar an seicliosta a chomhlánú agus níor cheart bosca ar bith a fhágáil folamh. Áirítear fo-ítimí leis sin chomh maith M.sh. tá aon ítim déag i 13.1 agus ba cheart freagairt dóibh sin mar is cuí.
- Ba cheart “Tá”, “Níl” nó “N/B” (Ní bhaineann) a bheith sna boscaí. I gcásanna nár tháinig cás ar bith chun cinn (m.sh. 18.1-18.4: Cloíodh le húsáid tairiscintí ceanta/iomaíocha do dhiúscairtí > €150,000) Tá N/B cuí sa chás nach raibh diúscairtí ar bith den sórt sin ann. Mar sin féin, sa chás gur tharla diúscairt agus nár cloíodh leis an gceanglas um thairiscintí ceanta/iomaíocha, is é “Níl” an fhreagairt chuí mar aon le trácht ina mínítear an fáth leis sin.
- Tuairisceán bliantúil is ea an seicliosta agus mar sin, d’fhéadfadh sé go n-athródh cúinsí ó bhliain go bliain. Ba cheart do gach Rannán cur chuige ‘gearr agus greamaigh’ maidir lena chomhlánú a sheachaint.
- Le comhlánú an tseicliosta ba cheart go mbeadh an deis ag an Rannán a bheith sásta go ndéantar cóid, creataí agus beartais inmheánacha a athbhreithniú ar bhonn bliantúil, fiú mura bhfuil athbhreithniú sonraithe sa chód.
- Sa chás nach bhfuil méadrachtaí sonraithe sa chód (m.sh. 13.2 *Tuarascáil eatramhach don Aire maidir le forbairtí atá íogair ón taobh tráchtála de*) ba cheart an breithiúnas is fearr a chur i bhfeidhm maidir le cad is an ceanglas ann.